AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.3.2022
COM(2022) 128 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN gCOISTE EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAIS AGUS CHUIG AN gCOISTE FOSTAÍOCHTA**

**Tuarascáil maidir leis an Ionstraim Eorpach le haghaidh Tacaíocht Shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) tar éis na ráige de COVID-19 de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle.**

**SURE ag 18 mí – an 3ú tuarascáil dhébhliantúil**

## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

**Is í an tuarascáil seo an 3ú tuarascáil dhébhliantúil maidir leis an Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE).** Leis an tuarascáil, deimhnítear na torthaí a leagadh amach sna tuarascálacha roimhe sin agus léirítear oibríochtaí agus úsáid na hionstraime go dtí seo agus athbhreithnítear tionchair shocheacnamaíocha na hionstraime. Ionstraim ghéarchéime is ea SURE, a bhfuil méid de EUR 100 billiún inti, a bhunaigh an tAontas Eorpach (AE) chun cabhrú leis na Ballstáit poist agus ioncam oibrithe a chosaint i gcomhthéacs phaindéim COVID-19. Léiriú láidir dlúthpháirtíochta i measc na mBallstát ar fud an Aontais is ea SURE freisin: Chomhaontaigh gach Ballstát ráthaíochtaí déthaobhacha a sholáthar ionas go mbeadh an tAontas in ann iasacht a fháil ó na margaí ar choinníollacha an-fhabhrach chun iasachtaí SURE a mhaoiniú.

*Ionstraim nua a cuireadh i bhfeidhm go gasta chun freagairt do thionchar socheacnamaíoch na paindéime*

**Bhí cur chun feidhme na hionstraime gasta agus réidh agus rinneadh beagnach iomlán an chiste EUR 94 billiún de chúnamh airgeadais SURE a deonaíodh a eisíoc le 19 mBallstát.** Mar chuid de fhreagairt tosaigh an Aontais don phaindéim, mhol an Coimisiún Rialachán SURE an 2 Aibreán 2020, agus ghlac an Chomhairle an Rialachán an 19 Bealtaine 2020. Cuireadh an t-imchlúdach airgeadais EUR 100 billiún ar fáil an 22 Meán Fómhair 2020, tar éis do gach Ballstát na comhaontuithe ráthaíochta a shíniú. Chuir an Coimisiún dlús le cur chun feidhme na hionstraime, ag obair dó i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Eisíocadh an chuid is mó den chúnamh airgeadais laistigh de 7 mí, ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 go mí na Bealtaine 2021.

**D'eisigh an tAontas bannaí sóisialta den chéad uair chun cúnamh airgeadais SURE do na Ballstáit a mhaoiniú.** Anuas ar cheanglais Rialachán SURE, tugtar leis an tuarascáil seo freisin an tuairisciú ábhartha faoi Chreat Bannaí Sóisialta SURE an Aontais agus athdhearbhaítear inti go bhfuil caiteachas SURE dea-ailínithe le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

*An úsáid leanúnach a bhaineann na Ballstáit is tairbhithe as SURE*

**Leis an tuarascáil seo, deimhnítear an meastachán a rinneadh roimhe seo gur chumhdaigh SURE thart ar 31 mhilliún duine agus 2½ milliún gnólacht in 2020.** 30 % d'fhostaíocht iomlán agus an ceathrú cuid de na gnólachtaí iomlána sna Ballstáit is tairbhí atá ann sin. Is iad gnólachtaí beaga na príomhthairbhithe de thacaíocht SURE. Ba iad an trádáil mhórdhíola agus mhiondíola, seirbhísí cóiríochta agus bia agus an mhonaraíocht na hearnálacha ba mhó ar tugadh tacaíocht dóibh, agus thacaigh go leor Ballstát le hearnálacha breise freisin le bearta spriocdhírithe.

**Le SURE, leanadh de chosaint a thabhairt don fhostaíocht le linn an téarnaimh mhíchothroim in 2021, lenar tugadh tacaíocht do thart ar 3 mhilliún duine agus breis agus 400 000 gnólacht.** Leanann caiteachas poiblí ar bhearta atá incháilithe do SURE de bheith ag teacht leis an staid eipidéimeolaíoch. Tharla sé go raibh caiteachas poiblí comhiomlán SURE in

2021 3 bhilliún ní b’airde ná mar a bhíothas ag súil leis tráth an tuairiscithe a rinneadh roimhe seo i mí an Mheithimh 2021, rud lenar léiríodh babhtaí breise na paindéime. D’ainneoin gur tháinig laghdú ar úsáid na scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama óna buaicphointe úsáide in 2020, mar sin féin, bhí sé fós substaintiúil in 2021.

**I mí Eanáir 2022, deonaíodh cúnamh airgeadais breise do Bhallstát amháin, agus leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le Ballstát eile chun bearta breise a áireamh**. Tugadh tacaíocht bhreisithe arbh fhiú EUR 147 milliún í don Ungáir chun bearta a bhí ann cheana a leathadh agus chun beart nua a mhaoiniú. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir leis an bPortaingéil chun trí bheart bhreise a áireamh, rud lenar ceadaíodh don Phortaingéil méid iomlán an chúnaimh airgeadais a deonaíodh cheana i mí Mheán Fómhair 2020 a ionsú.

**Tá beagnach méid iomlán an chaiteachais phoiblí a bhí beartaithe faoi SURE curtha i gcrích faoin tráth seo.** Meastar anois go sroichfidh an caiteachas poiblí iomlán ar bhearta atá incháilithe do SURE EUR 118 billiún. Tá sé sin i bhfad níos mó ná an cúnamh airgeadais iomlán a deonaíodh (EUR 94 billiún), ó tharla gur chaith roinnt de na Ballstáit níos mó ar bhearta incháilithe ná mar a bhí sa chúnamh airgeadais a iarradh, nó gur bheartaigh siad a dhéanamh amhlaidh. Léirítear leis seo ábharthacht ard na mbeart dá dtugtar tacaíocht le SURE ó thaobh na mBallstát de. Cumhdaítear scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama le breis agus leath den caiteachas poiblí iomlán ar bhearta atá incháilithe do SURE. Deimhníodh arís eile cineál coimhdeach an chaiteachais a bhaineann leis an tsláinte - caiteachas nach fiú é ach 5 % den chaiteachas iomlán.

**Tá ionsúchán chúnamh airgeadais SURE ard i dtaobh fhormhór mór na mBallstát.** Níl sé an-íseal fós ach in aon Bhallstát amháin agus tá sé faoi dhlúthfhaireachán i mBallstát eile. Sa Rómáin, an bhearna fhairsing ionsúcháin a sainaithníodh sa chéad tuarascáil agus sa dara tuarascáil – trí cheathrú den mhéid a dheonaigh an Chomhairle – níor tháinig athrú uirthi den chuid is mó. Sa Pholainn, tháinig bearna mheasartha ionsúcháin chun tosaigh de dheasca caiteachas ar bhearta atá incháilithe do SURE a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, agus níor sainaithníodh aon bhearna sa tuairisciú náisiúnta a úsáideadh sa dara tuarascáil. Tá an caiteachas iomlán sa Pholainn faoi bhun an mhéid a dheonaigh an Chomhairle faoi SURE, ach tá sé fós níos airde ná an méid a eisíocadh cheana. Ní saincheist a thuilleadh an riosca ionsúcháin a sainaithníodh sa Phortaingéil agus sa Chipir sa dara tuarascáil.

*Measúnú nuashonraithe maidir le tionchar SURE*

**Leis an tuarascáil seo, deimhnítear meastachán na tuarascála a rinneadh roimhe seo go ndearnadh go héifeachtach, leis na bearta tacaíochta beartais, lena n-áirítear SURE, 1½ milliún duine a choimeád i bhfostaíocht in 2020.** Ba mheasartha an t-ardú ar an ráta dífhostaíochta in 2020 sna Ballstáit is tairbhithe, d’ainneoin an laghdaithe mhóir ar an aschur eacnamaíoch, agus bhí sé i bhfad ní b’ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Baineadh sin amach trí fhostaithe a choimeád ina ngnólachtaí agus trí ghníomhaíochtaí na ndaoine féinfhostaithe a choinneáil ar bun. Mar fhachtóir bhreise, bhí SURE ina chuidiú freisin muinín ghinearálta a

fheabhsú ar fud an Aontais, rud a deimhníodh i suirbhé Eorabharaiméadair a rinneadh le déanaí ina bhfuair SURE tacaíocht leathan ó shaoránaigh an Aontais. Mar a tuairiscíodh sa dara tuarascáil dhébhliantúil, meastar gur shábháil na Ballstáit méid iomlán EUR 8.2 billiún ar íocaíochtaí úis trí chúnamh airgeadais a fháil trí SURE.

**Agus aghaidh á tabhairt ar an am atá amach romhainn, tá an chosaint a tugadh don fhostaíocht sa chéad 2 bhliain den phaindéim ina tacú le téarnamh atá níos gaiste i gcomparáid leis ná téarnaimh i ndiaidh géarchéimeanna roimhe seo.** In 2022, tuartar go ndéanfar caillteanas na holltáirgeachta intíre a tabhaíodh le linn ghéarchéim COVID-19 a fhritháireamh le fuílleach de bharr an téarnaimh, agus an luas téarnaimh a bhí ann tar éis na géarchéime airgeadais domhanda agus na géarchéime sa limistéar euro á sárú aige, tráthanna a d’fhan an olltáirgeacht intíre go mór faoi bhun an leibhéil ar a raibh sí roimh na géarchéimeanna sin dhá bhliain ina ndiaidh sin. Bhí SURE ina rannchuidiú leis sin trí scéimeanna a mhaoiniú chun gur féidir le gnólachtaí fostaithe agus scileanna a choimeád agus chun a éascú do dhaoine féinfhostaithe a bheith réidh chun leanúint dá ngníomhaíochtaí.

*Leanúint de na tarlúintí eisceachtúla lena dtugtar údar do SURE*

**Baineann éiginnteacht ard leis an dearcadh eacnamaíoch fós de bharr chineál dothuartha na paindéime – ar bunaíodh SURE ina haghaidh – agus de bharr staid gheopholaitiúil na hÚcráine atá ag athrú de shíor.** Sheachain formhór na mBallstát san Aontas bearta imshrianta leathana dochta a thabhairt isteach arís le linn an gheimhridh agus le linn ráig Omicron, ach rinne na srianta difear mór d’earnálacha áirithe go háirithe. Is ann d’éiginnteacht mhór go fóill maidir leis an víreas agus maidir le hathraithigh nua a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Ag deireadh na bliana, tháinig moilliú ar neart an fháis a bhí ag méadú in 2021 agus tá méadú tagtha ar an éiginnteacht eacnamaíoch de bharr an ionraidh ar an Úcráin.

**Maidir le bearta beartais chun tionchair na paindéime a mhaolú, d'éirigh siad ní ba spriocdhírithe chun an téarnamh a éascú agus thug an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta tacaíocht dóibh.** Os rud é go mbeidh SURE fós i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2022 agus go bhfuil EUR 5.6 billiún fós ar fáil faoi láthair, féadfar leanúint de chúnamh airgeadais faoin ionstraim a dheonú chun aghaidh a thabhairt ar shuaití eacnamaíocha tromchúiseacha a eascraíonn de bharr phaindéim COVID-19.

*Faisnéis maidir le córais náisiúnta iniúchóireachta agus rialaithe*

**Leis an tuarascáil seo, tugtar isteach iniúchadh ar na córais náisiúnta rialaithe agus iniúchóireachta mar a thuairiscigh na Ballstáit iad, de réir Rialachán SURE, chun mí-úsáid chúnamh airgeadais SURE a chosc.** Anuas ar chórais rialaithe an Choimisiúin agus ar leithligh uathu, ba cheart do na Ballstáit úsáid cheart na gcistí a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta, neamhrialtachtaí agus calaois a chosc agus cistí ar baineadh mí-úsáid astu a aisghabháil, i gcomhréir le Rialachán SURE agus le comhaontuithe iasachtaí déthaobhacha. Chun a áirithiú go bhfuil na córais is gá i bhfeidhm ag na Ballstáit chun an oibleagáid sin a urramú, d’iarr an Coimisiún ar na Ballstáit faisnéis a sholáthar maidir le córais náisiúnta rialaithe agus

iniúchóireachta atá ábhartha maidir le SURE. Déantar achoimre sa tuarascáil seo ar an bhfaisnéis a thuairiscigh gach Ballstát is tairbhithe.

**Tá éagsúlacht mhór idir struchtúir institiúideacha na gcóras náisiúnta rialaithe agus iniúchóireachta ar fud an Aontais.** I mbeagnach gach Ballstát, na hinstitiúidí a rinne rialú agus iniúchadh ar na bearta dár tugadh tacaíocht le SURE, bhí siad i bhfeidhm roimh phaindéim COVID-19. I mBallstát amháin, cuireadh institiúidí nua i bhfeidhm go sonrach le haghaidh na mbeart dár tugadh tacaíocht le SURE. I mBallstát eile, níor cuireadh córais nua iniúchóireachta agus rialaithe i bhfeidhm ach le haghaidh beart sonrach amháin, anuas ar na córais a bhí ann cheana.

**Tá rialuithe déanta ag gach Ballstát is tairbhí chun mí-úsáid chúnamh airgeadais SURE a chosc.** I ngach Ballstát seachas Ballstát amháin, braitheadh le rialuithe agus le hiniúchtaí cásanna áirithe neamhrialtachtaí nó calaoise. Thuairiscigh na Ballstáit neamhrialtachtaí nó calaois den chineál céanna agus rinne gach Ballstát a n-obair a dhoiciméadú. Rinne 13 Bhallstát imeachtaí a thionscnamh chun cistí ar baineadh úsáid mhíchuí astu a aisghabháil. I roinnt Ballstát, rinneadh cistí a aisghabháil gan imeachtaí a thionscnamh.

## RÉAMHRÁ

**Is í an tuarascáil seo an 3ú tuarascáil dhébhliantúil maidir leis an Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE).** Chruthaigh an tAontas Eorpach (AE) SURE i mí na Bealtaine 2020 chun cabhrú leis na Ballstáit poist agus ioncam oibrithe a chosaint le linn phaindéim COVID-19[1]. Le SURE, tugtar cúnamh airgeadais ón Aontas do na Ballstáit iarrthacha i bhfoirm iasachtaí le coinníollacha fabhracha. Tá cúnamh airgeadais suas le EUR 100 billiún ar fáil faoi SURE chun cabhrú le scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama de chuid na mBallstát nó bearta comhchosúla a mhaoiniú, arb é is aidhm dóibh fostaithe agus daoine féinfhostaithe a chosaint agus, mar ghné choimhdeach, bearta a bhaineann le sláinte, go háirithe sa láthair oibre.

**Tá an tuarascáil dhébhliantúil seo ina hoibleagáid dhlíthiúil.** Ghlac an Coimisiún Eorpach (dá ngairtear 'An Coimisiún' anseo feasta) í i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle (Rialachán SURE)[2] chun an oibleagáid atá air a chomhlíonadh maidir le tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (CEE) agus don Coiste Fostaíochta[3]. Beidh an chéad tuarascáil eile dlite faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2022. Maidir le faisnéis a áireamh sa tuarascáil seo, ba é an 7 Feabhra 2022 an scoithdháta lena aghaidh sin i gcás thuairisciú na mBallstát agus ba é an 6 Márta 2022 an scoithdháta le haghaidh sonraí eipidéimeolaíocha agus eacnamaíocha a thuairisciú[4].

**Leis an tuarascáil seo, athdhearbhaítear, ó mhí Eanáir 2022, na measúnuithe dearfacha ar SURE a cuireadh i láthair sa chéad dhá thuarascáil dhébhliantúla. Féadfar achoimre a dhéanamh ar na príomhthorthaí mar a leanas:**

- Meastar gur cumhdaíodh thart ar 31 mhilliún daoine agus 2½ milliún gnólachtaí le SURE 2020.
- Cumhdaíodh 3 mhilliún duine agus os cionn 400 000 gnólacht le SURE in 2021 in 13 Bhallstát.

---

[1] Éascaíonn SURE as Treoirlínte Polaitiúla an Choimisiúin 2019-2024, lenar beartaíodh Scéim Eorpach Athárachais Dífhostaíochta chun saoránaigh na hEorpa a chosaint agus chun an t-ualach ar airgeadas poiblí le linn suaití seachtracha a laghdú. Tar éis ráig víreas COVID-19 san Eoraip, bunaíodh é ar bhonn an togra ón gCoimisiún an 2 Aibreán 2020.

[2] Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19, IO L 159, 20.5.2020, lch. 1 (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32020R0672&from=en).

[3] Faoi Airteagal 14 den Rialachán, tuairisceoidh an Coimisiún maidir le húsáid an chúnaimh airgeadais, lena n-áirítear na méideanna atá gan íoc agus an sceideal aisíocaíochta is infheidhme faoi SURE, agus maidir leis an leanúint de na tarluithe eisceachtúla lena dtugtar údar do chur i bhfeidhm Rialachán SURE (paindéim COVID-19).

[4] Cuireadh isteach gach tábla tuairiscithe ar dtús faoin 26 Eanáir 2022 agus na ceistneoirí iniúchóireachta faoin 7 Feabhra 2022 (seachas an Laitvia, a chuir isteach an ceistneoir an 15 Feabhra 2022). Thairis sin, soláthraíodh roinnt mionsoiléirithe ar shonraí tar éis an dáta sin.

- Moladh: Na bearta náisiúnta maidir leis an margadh saothair dár tugadh tacaíocht le SURE, meastar go raibh siad ina gcuidiú éifeachtach chun an dífhostaíocht a chosc i gcás beagnach 1½ milliún duine in 2020;
- Rinne 19 mBallstát iarratas ar chúnamh airgeadais faoi SURE agus deonaíodh an cúnamh airgeadais sin dóibh.
- Ina measc siúd, dheonaigh an Chomhairle tacaíocht bhreisithe do 7 mBallstát, agus is é an Ungáir an ceann ba dhéanaí díobh sin in Eanáir 2022.
- Leithdháileadh os cionn EUR 94 billiún agus eisíocadh beagnach EUR 90 billiún.
- Leithdháil na Ballstáit os cionn leathchuid den chúnamh airgeadais faoi SURE chun tacú le scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama agus os cionn 40 % chun tacú le bearta comhchosúla, lena n-áirítear beagnach aon trian den chúnamh iomlán le haghaidh bearta maidir le daoine féinfhostaithe.
- Leithdháileadh 5 % ar bhearta a bhaineann le sláinte, bearta atá ina 'ngnéithe coimhdeacha', i gcomhréir le Rialachán SURE.
- Tá ionsú chúnamh airgeadais SURE ard maidir le 17 mBallstát de na 19 mBallstát.
- Tá ionsú an chúnaimh airgeadais an-íseal go fóill i mBallstát amháin agus tá dlúthfhaireachán á dhéanamh air i mBallstát eile[5]. Ní saincheist a thuilleadh é an t-ionsú sa dá Bhallstát eile a sainaithníodh sa tuarascáil dhébhliantúil a rinneadh roimhe seo.
- Tá rialuithe ag gach Ballstát chun mí-úsáid chúnamh airgeadais SURE a chosc. I ngach Ballstát seachas Ballstát amháin, braitheadh le rialuithe agus le hiniúchtaí cásanna neamhrialtachtaí agus calaoise.
- Sa bhreis ar na sochair shóisialta agus fostaíochta, meastar gur shábháil na Ballstáit EUR 8.2 billiún ar íocaíochtaí úis[6].
- Tá os cionn EUR 5 bhilliún ar fáil go fóill faoi SURE go dtí deireadh 2022, agus d'fhéadfadh sé go n-úsáidfear é chun leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na suaití eacnamaíocha a eascraíonn as paindéim COVID-19.
- Anuas ar na torthaí sin, léirítear i suirbhé Eorabharaiméadair a foilsíodh i mí na Nollaig 2021 go gceapann 82 % de shaoránaigh na hEorpa gur dea-smaoineamh a bhí in iasachtaí SURE.

**Leis an tuarascáil seo, tugtar an fhaisnéis a bhí sa chéad dhá thuarascáil dhébhliantúla maidir le SURE cothrom le dáta agus leathnaítear an anailís i réimsí áirithe.** Cumhdaítear leis forbairtí institiúideacha ó bhí scoithdháta an dara tuarascáil ann i mí Mheán Fómhair 2021, lena n-áirítear deonú cúnaimh airgeadais bhreise don Ungáir agus leasú a dhéanamh ar an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir leis an bPortaingéil chun bearta incháilithe breise a áireamh agus méid an chúnaimh airgeadais fós gan athrú. Tugtar an anailís a bhí sna tuarascálacha roimhe seo cothrom le dáta, go háirithe maidir le caiteachas poiblí na mBallstát a

[5] Sainmhínítear an t-ionsú anseo mar a mhéid a chaitheann an Ballstát an cistiú a dheonaigh an Chomhairle dó ar bhearta incháilithe. Tá leibhéal an-íseal ionsúcháin ag an Rómáin agus tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ar ionsú na Polainne.

[6] Is ionann an figiúr sin agus an figiúr a bhí sa dara tuarascáil maidir le SURE os rud é nach raibh aon eisíocaíochtaí nua idir an dá linn.

chumhdaítear le SURE – bunaithe ar thuairisciú débhliantúil arna dhéanamh ag na Ballstáit i mí Eanáir 2022 – agus an anailís maidir le tionchar measta SURE – bunaithe ar na figiúirí maicreacnamaíocha is déanaí. Cuireann sé leis an anailís maidir le cumhdach SURE fostaithe, daoine féinfhostaithe agus gnólachtaí trí fhorbairtí in 2021 a bhreithniú. Rud nach beag a thábhacht, agus i gcomhréir le Rialachán SURE agus comhaontuithe iasachtaí déthaobhacha, tugtar isteach leis an tuarascáil seo scrúdú maidir leis na córais náisiúnta rialaithe agus iniúchóireachta a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm chun mí-úsáid chúnamh airgeadais SURE a chosc.

**Leis an tuarascáil, déantar athbhreithniú ar úsáid ionstraim SURE go dtí seo agus déantar anailís ar a tionchair shocheacnamaíocha.** Déantar é a struchtúrú ina 6 roinn. Le Roinn I, leagtar amach an cúnamh airgeadais a deonaíodh do na Ballstáit, lena n-áirítear méideanna a eisíocadh agus méideanna atá gan íoc agus an sceideal aisíocaíochta a ghabhann leo. Le Roinn II, déantar achoimre ar chaiteachas poiblí iomlán na mBallstát ar bhearta náisiúnta dá dtugtar tacaíocht le SURE[7]. Le Roinn III, tugtar cothrom le dáta an measúnú tosaigh maidir le tionchar SURE a soláthraíodh sna tuarascálacha roimhe seo. Le Roinn IV, scrúdaítear na tarlúintí eisceachtúla lena dtugtar údar leis go leanfaí de SURE. Le Roinn V, déantar tuairisciú ar chórais náisiúnta rialaithe agus iniúchóireachta. Ar deireadh, soláthraítear le Roinn VI an tuairisciú ábhartha a gealladh faoi Roinn 2.4 de Chreat Bannaí Sóisialta SURE an Aontais, rud a chumasctar sa tuarascáil seo[8].

## I. ÚSÁID AN CHÚNAIMH AIRGEADAIS FAOI SURE: MÉIDEANNA A DEONAÍODH AGUS A EISÍOCADH AGUS GNÉITHE AIRGEADAIS EILE

### *1.1 Forbhreathnú ar na Ballstáit is tairbhithe agus ar na méideanna a deonaíodh*

**Deonaíodh cúnamh airgeadais breise i mí Eanáir 2022 ar Bhallstát amháin, an Ungáir, atá ag tairbhiú de SURE cheana.** Rinne an Ungáir iarratas ar thacaíocht bhreisithe dar luach EUR 147 milliún i mí na Nollag 2021 tar éis an bhorrtha a tháinig faoin bpaindéim ní ba luaithe sa bhliain, ar tacaíocht bhreise í a dheonaigh an Chomhairle an 25 Eanáir 2022 bunaithe ar thogra ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021[9]. Fágann sin gurb é EUR 94.4 billiún an cúnamh airgeadais iomlán SURE a deonaíodh (féach Tábla 1).

[7] Baineann Ranna I agus II le húsáid an chúnaimh airgeadais faoi SURE de réir Airteagal 14(1) de Rialachán SURE.
[8] https://ec.europa.eu/info/strategy/eu-budget/eu-borrower/eu-borrowing-activities/eu-sure-social-bond-framework_en
[9] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/98 ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1561 lena dtugtar tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 don Ungáir chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19, IO L 17, 26.1.2022, lch. 42.

**Tábla 1: Forbhreathnú ar an tacaíocht arna deonú faoi SURE (EUR)**

| *An Ballstát* | *Méid Iomlán arna Dheonú** | *Ar Tacaíocht Bhreisithe é* | *Méid arna Eisíoc** | *Méid gan Íoc* |
|---|---|---|---|---|
| an Bheilg | 8 197 530 000 | 394 150 000 | 8 197 000 000 | 0 |
| an Bhulgáir | 511 000 000 | 0 | 511 000 000 | 0 |
| an Chipir | 603 770 000 | 124 700 000 | 603 000 000 | 0 |
| An tSeicia | 2 000 000 000 | 0 | 2 000 000 000 | 0 |
| an Ghréig | 5 265 000 000 | 2 537 000 000 | 5 265 000 000 | 0 |
| an Spáinn | 21 324 820 449 | 0 | 21 324 000 000 | 0 |
| an Chróit | 1 020 600 000 | 0 | 1 020 000 000 | 0 |
| an Iodáil | 27 438 486 464 | 0 | 27 438 000 000 | 0 |
| an Liotuáin | 957 260 000 | 354 950 000 | 957 000 000 | 0 |
| an Laitvia | 305 200 000 | 112 500 000 | 305 000 000 | 0 |
| Málta | 420 817 000 | 177 185 000 | 420 000 000 | 0 |
| an Pholainn | 11 236 693 087 | 0 | 8 236 000 000 | 3 000 000 000 |
| an | 5 934 462 488 | 0 | 5 411 000 000 | 523 000 000 |
| an Rómáin | 4 099 244 587 | 0 | 3 000 000 000 | 1 099 000 000 |
| an tSlóivéin | 1 113 670 000 | 0 | 1 113 000 000 | 0 |
| an tSlóvaic | 630 883 600 | 0 | 630 000 000 | 0 |
| an Ungáir | 651 470 000 | 147 140 000 | 504 000 000 | 147 000 000 |
| Éire | 2 473 887 900 | 0 | 2 473 000 000 | 0 |
| an Eastóin | 230 000 000 | 0 | 230 000 000 | 0 |
| **Iomlán** | **94 414 795 575** | **3 847 625 000** | **89 637 000 000** | **4 769 000 000** |

*I gcur chun feidhme na n-eisíocaíochtaí, rinneadh na méideanna a deonaíodh a shlánú síos chun críoch oibríochtúil.

*1.2 Eisíocaíochtaí, an méid gan íoc agus an sceideal aisíocaíochta is infheidhme*

**Faoi mhí Feabhra 2022, eisíocadh beagnach EUR 90 billiún de chúnamh airgeadais SURE le 19 mBallstát** (féach Tábla 1). 95 % de chúnamh airgeadais iomlán SURE a dheonaigh an Chomhairle ar na Ballstáit atá san fhigiúr sin. Anuas ar an tacaíocht bhreisithe a deonaíodh don Ungáir, tá méid cistí réasúnta beag atá le heisíoc go fóill, a bhfuil moill orthu arna iarraidh sin do na Ballstáit lena mbaineann nó go dtí go ndéanfar ionsú na gcistí a áirithiú. Méid níos lú ná EUR 5 billiún, sin méid iomlán na n-eisíocaíochtaí atá gan íoc. Tuairiscítear mionsonraí breise maidir le hidirbhearta agus eisíocaíochtaí SURE leis na Ballstáit i dTábla A1 san Iarscríbhinn.

**Déantar an sceideal aisíocaíochta comhiomlánaithe maidir le hiasachtaí SURE atá gan aisíoc a chur i láthair thíos.** Léirítear i dTábla 2 méid iomlán na príomhshuime atá le haisíoc agus íocaíochtaí úis le haghaidh gach bliana.

**Is é 14.5 bliain meánaibíocht na n-eisíocaíochtaí leis na Ballstáit.** Tá sé sin gar don mhéid uasta 15 bliana a sholáthraítear leis na Cinntí Cur Chun Feidhme faoi seach.

**Tábla 2: An Sceideal Aisíocaíochta maidir le hiasachtaí SURE an Aontais atá gan íoc**

| Bliain féilire | Príomhshuim | Ús | Iomlán SURE |
|---|---|---|---|
| 2021 | | 35 480 000 | 35 480 000 |
| 2022 | | 111 110 000 | 111 110 000 |
| 2023 | | 122 500 000 | 122 500 000 |
| 2024 | | 122 500 000 | 122 500 000 |
| 2025 | 8 000 000 000 | 122 500 000 | 8 122 500 000 |
| 2026 | 8 000 000 000 | 122 500 000 | 8 122 500 000 |
| 2027 | | 122 500 000 | 122 500 000 |
| 2028 | 10 000 000 000 | 122 500 000 | 10 122 500 000 |
| 2029 | 8 137 000 000 | 122 500 000 | 8 259 500 000 |
| 2030 | 10 000 000 000 | 122 500 000 | 10 122 500 000 |
| 2031 | | 122 500 000 | 122 500 000 |
| 2032 | | 122 500 000 | 122 500 000 |
| 2033 | | 122 500 000 | 122 500 000 |
| 2034 | | 122 500 000 | 122 500 000 |
| 2035 | 8 500 000 000 | 122 500 000 | 8 622 500 000 |
| 2036 | 9 000 000 000 | 122 500 000 | 9 122 500 000 |
| 2037 | | 104 500 000 | 104 500 000 |
| 2038 | | 104 500 000 | 104 500 000 |
| 2039 | | 104 500 000 | 104 500 000 |
| 2040 | 7 000 000 000 | 104 500 000 | 7 104 500 000 |
| 2041 | | 97 500 000 | 97 500 000 |
| 2042 | | 97 500 000 | 97 500 000 |
| 2043 | | 97 500 000 | 97 500 000 |
| 2044 | | 97 500 000 | 97 500 000 |
| 2045 | | 97 500 000 | 97 500 000 |
| 2046 | 5 000 000 000 | 97 500 000 | 5 097 500 000 |
| 2047 | 6 000 000 000 | 75 000 000 | 6 075 000 000 |
| 2048 | | 30 000 000 | 30 000 000 |
| 2049 | | 30 000 000 | 30 000 000 |
| 2050 | 10 000 000 000 | 30 000 000 | 10 030 000 000 |
| **Iomlán** | **89 637 000 000** | **3 029 590 000** | **92 666 590 000** |

## II. ÚSÁID IONSTRAIM SURE: CAITEACHAS POIBLÍ AGUS BEARTA NÁISIÚNTA A CHUMHDAÍTEAR LE SURE

Dírítear sa roinn seo ar úsáid bheartais na hionstraime. Déantar achoimre inti, go sonrach, ar chaiteachas poiblí na mBallstát a chumhdaítear le SURE nó atá incháilithe dó agus cineál na mbeart náisiúnta. Cuirtear i láthair inti freisin an líon fostaithe agus gnólachtaí dá dtugtar tacaíocht le SURE.

### *2.1 Caiteachas poiblí iarbhír agus caiteachas poiblí beartaithe dá dtugtar tacaíocht le SURE*

#### 2.1.1 Faireachán ar chaiteachas poiblí ar bhearta incháilithe


**Úsáidtear tuairisciú débhliantúil ó na Ballstáit is tairbhithe chun faireachán a dhéanamh ar úsáid bheartaithe agus iarbhír an chúnaimh airgeadais arna dheonú faoi SURE[10].** Áirítear leis an tuairisciú a cheanglaítear leithdháileadh an chaiteachais phoiblí ar fud na mbeart a chumhdaítear SURE (agus cumhdach fostaithe agus gnólachtaí na mbeart sin, mar a thuairiscítear i Roinn 2.3). Rinneadh ceithre shraith den tuairisciú sin go dtí seo: i mí Lúnasa 2020 ('an tuairisciú tosaigh'), i mí Eanáir go mí Feabhra 2021 ('an chéad tuarascáil'), i mí an Mheithimh 2021 ('an dara tuarascáil') agus i mí Eanáir 2022 ('an tuairisciú is déanaí'). Déantar an fhaisnéis a chur i láthair *'mar a thuairiscigh na Ballstáit í'* maidir le bearta atá incháilithe do SURE. Rinne roinnt de na Ballstáit tacaíocht SURE a fhorlíonadh le maoiniú náisiúnta nó le cistí struchtúracha AE, agus féadfaidh an caiteachas dul thar an méid dá dtugtar tacaíocht le SURE dá bhrí sin. Leis an tuairisciú, éascaítear tomhas ionsú an chúnaimh airgeadais faoi SURE, trí chomparáid a dhéanamh leis an méid a dheonaigh an Chomhairle.

**Cuireadh beagnach iomlán an chaiteachais phoiblí bheartaithe faoi SURE chun feidhme faoin tráth seo.** Déantar foráil le Rialachán SURE chun cúnamh airgeadais a úsáid le haghaidh méaduithe beartaithe ar chaiteachas poiblí ar bhearta a chumhdaítear le SURE. Rinneadh 98 % den chaiteachas poiblí iomlán beartaithe ar bhearta incháilithe cheana féin faoi dheireadh 2021[11]. I mí an Mheithimh 2020, ba é 54 % an sciar den chaiteachas beartaithe (de réir an tuairiscithe tosaigh); faoi mí an Mheithimh 2021 (tráth fhoilsiú an dara tuarascáil), thit an sciar sin go dtí 10 %. Níl sa chaiteachas beartaithe atá fágtha anois ach 2 % (féach Graf 2), agus tá go leor beart tugtha i gcrích anois.

[10] Rinne Éire agus an Eastóin iarratais ar SURE le haghaidh caiteachas poiblí arna thabhú agus sin amháin, agus ní dhearnadh aon athrú ar an tuairisciú ó mhí an Mhárta 2021 dá bhrí sin.


[11] Is éard atá i gceist le bearta incháilithe na bearta a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 3(2) den Rialachán: scéimeanna maidir le obair ghearr-ama nó bearta den chineál céanna, agus mar ghné choimhdeach, bearta a bhaineann le sláinte. Scoir roinnt Ballstát (an Eastóin, an tSlóivéin) de bheith ag déanamh tuairiscithe maidir le bearta atá incháilithe do SURE os rud é nach bhfuil siad ag úsáid chúnamh airgeadais SURE a thuilleadh chun na bearta sin a mhaoiniú, os rud é go ndeachaigh siad thar an méid a deonaíodh cheana. Os amhlaidh atá, tá an caiteachas iomlán ar bhearta atá incháilithe do SURE níos airde ná an caiteachas a thuairiscítear anseo.

**Graf 1: Caiteachas poiblí tuairiscithe**




Foinse: *Tuairisciú ó na Ballstáit (Eanáir 2022).*
Tabhair faoi deara: Rinne an Eastóin iarratas ar thacaíocht SURE i mí Feabhra 2021 agus, dá bhrí sin, áirítear í ó mhí an Mheithimh 2021 ar aghaidh.

**Graf 2: An t-athrú míosúil maidir le caiteachas poiblí arna thabhú agus caiteachas poiblí beartaithe faoi SURE**




Foinse: *Tuairisciú ó na Ballstáit (Eanáir 2022).*

**Meastar anois go sroichfidh an caiteachas poiblí iomlán ar bhearta atá incháilithe do SURE EUR 118 billiún, méid sa bhreis ar an gcúnamh airgeadais iomlán a deonaíodh faoi SURE.** Bhí an méid sin réasúnta cobhsaí ó rinneadh an tuarascáil roimhe seo, tráth a bhí coinne le EUR 115 billiún (Graf 1). Tá sé sin níos mó ná an méid iomlán a deonaíodh faoi SURE (EUR 94 billiún) toisc gur mian le roinnt Ballstát níos mó a chaitheamh ar bhearta incháilithe ná an cúnamh airgeadais a d'iarr siad agus a deonaíodh dóibh[12]. Leis sin, cuirtear i dtábhacht ábharthacht leanúnach raon feidhme SURE le haghaidh na mBallstát.

**Tharla sé go raibh caiteachas poiblí comhlánaithe SURE in 2021 3 bhilliún ní b'airde ná mar a measadh tráth an tuairiscithe roimhe seo i mí an Mheithimh 2021.** Mar sin féin, bhí ilchineálacht ar fud na dtíortha toisc gur thuairiscigh seacht mBallstát méideanna le haghaidh 2021 a bhí ní ba lú ná mar a measadh. Tá caiteachas á phleanáil ag naoi mBallstát in 2022, i gcomparáid le trí Bhallstát roimhe seo, le haghaidh méid iomlán EUR 2.6 billiún.

**Leanann caiteachas poiblí ar bhearta atá incháilithe do SURE de bheith ag teacht leis an staid eipidéimeolaíoch.** Tar éis bearta diana sa chéad chuid de 2021 ar fud na hEorpa, thit caiteachas go rátaí ísle míosúla ísle faoi dheireadh an tsamhraidh 2021 nuair a tháinig feachtais vacsaínithe chun tosaigh agus nuair a stad na Ballstáit de bheith ag úsáid bratsrianta chun an phaindéim a bhainistiú (féach Graf 2). Bhí méadú beag ar an gcaiteachas poiblí ag deireadh 2021 nuair a tugadh roinnt beart isteach arís mar thoradh ar thionchar an athraithigh Omicron.

[12] I gcás na Spáinne, na hIodáile agus na Polainne, baineann sin freisin leis an teorainn chomhchruinnithe (60 % den mhéid uasta EUR 100 billiún) a bhfuil feidhm aici maidir leis na trí Bhallstát is mó is tairbhithe).

2.1.2 Cistí a ionsú

**Tá méid ionsúcháin chúnamh airgeadais SURE ard i dtaobh fhormhór na mBallstát**. Anois agus beagnach iomlán an chaiteachais phoiblí forghníomhaithe, tá an cúnamh airgeadais iomlán a deonaíodh dóibh, *ar a laghad*, caite ag *17 mBallstát as 19 mBallstát* ar bhearta incháilithe (féach Graf 3). Chaith 13 Bhallstát díobh sin *níos mó* ná an méid a deonaíodh nó tá sé beartaithe acu déanamh amhlaidh, lena n-áirítear tríd an gcuid eile a mhaoiniú go náisiúnta.

**I mBallstát amháin, d'fhéadfadh sé go bhfuil an leibhéal ionsúcháin cistí ní b'ísle ná mar a léiríodh sa dara tuarascáil.** Murab ionann agus an tuarascáil roimhe seo an 22 Meán Fómhair 2021, faoi láthair tá an Pholainn ag tuairisciú caiteachas poiblí iomlán ar bhearta dá bhforáiltear ina gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle atá níos ísle ná an méid a dheonaigh an Chomhairle. Tá an bhearna tagtha chun cinn tar éisathbhreithnithe sonraí (de dheasca aga moille maidir le tuairisciú na sonraí i ndáil le forghníomhú) le haghaidh roinnt beart agus is féidir an t-athfhilleadh sa gheilleagar a bhí ní ba láidre ná mar a measadh a chur ina leith sin. Mar sin féin, tá an méid a eisíocadh cheana (EUR 8.2 billiún) fós faoi bhun an chaiteachais phoiblí iomláin a thuairiscigh an Pholainn (EUR 10.3 billiún). Bíonn an Coimisiún i dteagmháil leis na húdaráis náisiúnta chun réitigh fhéideartha a phlé, lena n-áirítear eisíocaíocht na gcistí atá fágtha a chur siar.

**Sa Rómáin, tá an bhearna ionsúcháin a sainaithníodh sa chéad tuarascáil agus sa dara tuarascáil fós ard** (beagnach dhá thrian den mhéid a eisíocadh). Tá an bhearna seo ann de bharr thionchar na paindéime ar gheilleagar na Rómáine a bhí ní ba laige ná mar a measadh agus téarnamh a bhí ní ba láidre ná mar a measadh. Mhol na húdaráis náisiúnta bearta breise a chur isteach (atá incháilithe do SURE) chun an bhearna a laghdú. Tá an t-idirphlé teicniúil leis an gCoimisiún fós ar siúl.

**Ní bheidh an t-ionsú ina shaincheist a thuilleadh in dhá Bhallstát a sainaithníodh go bhfuil bearna ionsúcháin iontu sa dara tuarascáil dhébhliantúil.** Léiríodh sa tuarascáil roimhe seo bearna mheasartha agus bearna bheag, faoi seach, idir costáil na mbeart a áiríodh sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle agus an méid iomlán a deonaíodh faoi SURE sa Phortaingéil agus sa Chipir. Anois tá an dá tír ag tuairisciú costas iarbhír atá os cionn an mhéid a deonaíodh, de dheasca ghlacadh na mbeart incháilithe nua sa Phortaingéil agus de dheasca an tsínidh a cuireadh leis na bearta sa Chipir.


**Rinneadh an Cinneadh Cur Chun Feidhme bunaidh ón gComhairle maidir leis an bPortaingéil a leasú in Eanáir 2022 chun bearta incháilithe breise a chur isteach.** Chun an méid iomlán a deonaíodh in 2020 a ionsú, cuireadh isteach trí bheart incháilithe leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme leasaithe, ar bearta iad a cuireadh chun feidhme cheana agus atá incháilithe lena maoiniú faoi SURE[13]. D'fhormheas an Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme leasaithe an 25 Eanáir 2022, bunaithe ar thogra ón gCoimisiún an 4 Eanáir 2022[14].

[13] Áirítear na nithe seo a leanas sna bearta breise: scéim tacaíochta d'oibrithe féinfhostaithe, d'oibrithe nach bhfuil rochtain acu ar shásraí cosanta sóisialta eile, agus do bhainisteoirí a raibh tionchar ar leith ag paindéim COVID-19 ar

a n-ioncam; scéim tacaíochta sóisialta d’ealaíontóirí, d’údair, do theicneoirí agus do ghairmithe ealaíne eile; gairmithe cúraim sláinte breise a earcú agus ragobair sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte.

[14] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/99 ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 lena dtugtar tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 don Phortaingéil chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19, IO L 17, 26.1.2022, lch. 47.

**Graf 3: Caiteachas sa bhreis ar an gcaiteachas poiblí atá beartaithe agus sa bhreis ar an gcaiteachas arna thabhú ar bhearta incháilithe thar mhéid na hiasachta (% de mhéid na hiasachta)**




Foinse: *Tuairisciú ó na Ballstáit*

Tabhair faoi deara: Tagraíonn caiteachas poiblí dóibh siúd ar tugadh tuairisc ina leith, gan coigeartú a dhéanamh le haghaidh na teorann comhchruinnithe, maidir leis na bearta dá bhforáiltear sna Cinntí Cur Chun Feidhme, mar ghlanmhéid de Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE). Scoir roinnt Ballstát (an Eastóin, an tSlóivéin) de bheith ag déanamh tuairiscithe maidir le bearta atá incháilithe do SURE os rud é nach bhfuil siad ag úsáid chúnamh airgeadais SURE chun na bearta sin a mhaoiniú a thuilleadh, ar an ábhar go ndeachaigh siad thar an méid a deonaíodh cheana.

### *2.2 Bearta náisiúnta: scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama nó bearta comhchosúla dá dtugtar tacaíocht le SURE*

**Rinneadh os cionn leathchuid den chaiteachas poiblí iomláin ar bhearta atá incháilithe do SURE a leithdháileadh ar scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama.** Rinneadh 52 % den chaiteachas poiblí iomlán ar bhearta atá incháilithe do SURE a leithdháileadh ar scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama, scéimeanna arna gcistiú ag 16 Bhallstát de na 19 mBallstát atá ag tairbhiú de SURE. Leithdháileadh 32 % breise ar 'bhearta comhchosúla' le haghaidh daoine féinfhostaithe[15]. Leithdháileadh 9 % ar scéimeanna fóirdheontais pá, agus leithdháiltear 2 % den chaiteachas iomlán ar bhearta 'eile' comhchosúla lena dtacaítear le poist a choinneáil agus le hioncam oibrithe[16]. Níor úsáid ach 9 mBallstát cúnamh airgeadais SURE i leith bearta maidir leis an margadh saothair (féach Graf 4).


**Deimhnítear gné choimhdeach an chaiteachais a bhaineann le sláinte.** Níor caitheadh nó níor beartaíodh ach 5 % den chaiteachas iomlán a chaitheamh ar bhearta a bhaineann le sláinte. Níor bhain 10 mBallstát as an 19 mBallstát leas as tacaíocht SURE chun bearta a bhaineann le sláinte a chistiú.

---

[15] Tá sin bunaithe ar anailís an Choimisiúin, lena ndéantar na bearta arna dtuairisciú ag na mBallstáit a aicmiú de réir an chineáil.

[16] Scéimeanna chun poist a choinneáil is ea scéimeanna fóirdheontais pá, ach tá éagsúlacht ann eatarthu ar an ábhar nach ndéantar íocaíochtaí a ríomh i dtéarmaí uaireanta (nár oibríodh), ach go gcomhfhreagraíonn siad do chnapshuim nó do chion den phá iomlán.

**Graf 4: Caiteachas poiblí ar bhearta atá incháilithe do SURE de réir chineál an chaiteachais**




Foinse: *Tuairisciú ó na Ballstáit*
Tabhair faoi deara: Féach tuarascáil mhí an Mhárta 2021 maidir le SURE le haghaidh sonraí breise maidir le caiteachas na hUngáire a bhaineann le sláinte.

**Rinne an Ungáir iarratas ar thacaíocht bhreisithe chun síneadh a chur le bearta atá ann cheana agus beart amháin nua a mhaoiniú.** Cabhróidh an iasacht leis an Ungáir costais na scéime tacaíochta ioncaim nua a chumhdach maidir le daoine féinfhostaithe agus síneadh a chur leis na faoisimh chánach a cuireadh ar fáil do chuideachtaí chun daoine a choinneáil fostaithe, faoisimh a tugadh isteach mar fhreagairt do phaindéim an choróinvíris. Tá an scéim shealadach nua dírithe ar fhiontraithe gan fostaithe, nach bhfuil incháilithe d’fhóirdheontais pá faoin scéim pá earnálach, agus a oibríonn in earnálacha a ndearna na bearta dianghlasála difear dóibh. Féadfaidh siad íocaíocht aonuaire a fháil atá cothrom leis an bpá íosta míosúil ráthaithe, ar choinníoll go leanfaidh siad dá ngníomhaíochtaí ar feadh 2 mhí ar a laghad tar éis dheireadh ionchasach na staide éigeandála. Deonaítear an chuid eile den tacaíocht le síneadh a chur leis na faoisimh chánach (ó ranníocaíochtaí slándála sóisialta an fhostóra, ón tobhach oiliúna, ón gcáin ar fhiontair bheaga agus ón gcáin cnapshuime le haghaidh íocóirí cánach ísle) le haghaidh na n-earnálacha is mó a ndearna an phaindéim difear dóibh.


*2.3 Cumhdach SURE i dtéarmaí fostaíochta agus gnólachtaí*

**Le SURE, meastar gur tacaíodh le thart ar 31 mhilliún duine agus 2½ milliún gnólacht in 2020.** Le tuairisciú ó na Ballstáit i mí Eanáir 2021, deimhnítear na figiúirí sa dara tuarascáil maidir le SURE. 30 % d’fhostaíocht iomlán agus aon cheathrú de na gnólachtaí sna Ballstáit is

tairbhithe atá sna figiúirí sin[17]. 22¼ milliún fostaithe agus 8¾ milliún oibrithe féinfhostaithe atá sa mheastachán fostaíochta. Cuirtear miondealú maidir le cumhdach SURE de réir an Bhallstáit ar fáil i nGraif 5 agus 6. Ní áirítear sna meastacháin sin daoine dá dtugtar tacaíocht le bearta a bhaineann le sláinte faoi SURE agus d'fhéadfaí a mheas gur meastachán coimeádach é dá bhrí sin[18].

**Is gnólachtaí beaga na príomhthairbhithe de thacaíocht SURE.** Ba í an phaindéim ba chúis le hathrú ar úsáid scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama, is é sin gur bhain gnólachtaí móra úsáid astu go príomha roimh COVID-19 agus gur gnólachtaí beaga a bhain úsáid astu den chuid is mó le linn na paindéime, os rud é gur úsáid an earnáil seirbhísí (óstáin agus bialanna go príomha) agus an earnáil miondíola na scéimeanna den chuid is mó seachas an earnáil monaraíochta[19]. Bhí formhór mór chumhdach SURE maidir le gnólachtaí dírithe ar ghnólachtaí beaga (Graf 6). Cuireadh na tacaíochtaí go príomha chuig gnólachtaí san earnáil seirbhísí, cé go bhfuair an earnáil monaraíochta tacaíocht nach beag fós (measadh gur thart ar thrian de chaiteachas SURE an tacaíocht sin). Ba iad mar a leanas na hearnálacha ag a raibh an sciar caiteachais ba mhó i) trádáil mhórdhíola agus mhiondíola, ii) seirbhísí cóiríochta agus bia agus (iii) monaraíocht (féach Graf 7). Rinne go leor Ballstát foráil ina gCinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le tacaíocht d'earnálacha breise, amhail earnáil an chultúir, le bearta spriocdhírithe.


**Graf 5: Oibrithe a cumhdaíodh le SURE in 2020 (% den fhostaíocht iomlán)**




Foinse: *Tuairisciú ó na Ballstáit*

Tabhair faoi deara: Is iad na figiúirí maidir le cumhdach agus fostaíocht iomlán na figiúirí a thuairiscigh na

**Graf 6: Gnólachtaí a cumhdaíodh le SURE in 2020 de réir méide (% de ghnólachtaí iomlána)**




Foinse: *Tuairisciú ó na Ballstáit*

Tabhair faoi deara: Ní chuirtear gnólachtaí gan aon

---

[17] Comhfhreagraíonn sin do dhaoine agus do ghnólachtaí a bhí cumhdaithe, ag pointe éigin, le scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama nó le bearta comhchosúla dá dtugtar tacaíocht le SURE. Bunaítear na hainmneoirí ar na táblaí tuairiscithe a thíolaic na Ballstáit. Tá gnólachtaí ag a bhfuil fostaí amháin ar a laghad sa líon iomlán gnólachtaí.


[18] Thairis sin, i mBallstáit áirithe, bhí forluí nach beag idir faighteoirí tacaíochta ar fud bearta difriúla nárbh fhéidir coigeartú cuí a dhéanamh ina leith. I gcásanna den sórt sin, iarradh ar na Ballstáit gan ach an cumhdach maidir leis an mbeart/na bearta is mó a thuairisciú chun áireamh dúbailte a sheachaint. D'fhéadfadh sé go mbeadh an cumhdach iarbhír ní b'airde dá bhrí sin.

[19] An Coimisiún Eorpach (2020): Margadh an tSaothair agus Forbairtí Pá in 2020, Caibidil 3, Forbairtí beartais. https://ec.europa.eu/social/BlobServlet?docId=23268&langId=en. Tá tuilleadh plé ar fáil sa dara tuarascáil maidir le SURE.

Ballstáit.

fhostaí san áireamh sna gnólachtaí iomlána. Meastar go mbeidh feidhm ag dáileadh gnólachtaí maidir le cumhdach 2020. Níor thuairiscigh an Pholainn ná an Ungáir maidir le méid an ghnólachta. Is gnólacht beag é aon ghnólacht ag a bhfuil níos lú ná 50 fostaí, is gnólacht meánmhéide é aon ghnólacht ag a bhfuil 50-250 fostaí agus is gnólacht mór é aon ghnólacht ag a bhfuil breis agus 250 fostaí.

**Graf 7: Cumhdach earnálach SURE**





Foinse: *Tuairisciú ó na Ballstáit*
Tabhair faoi deara: Déanann na Ballstáit na trí earnáil is mó a thairbhigh de SURE a thuairisciú, chomh maith leis na sciartha den chaiteachas a ghabhann leis na hearnálacha sin. Tuairiscítear sa ghraf seo meánsciar an chaiteachais ar fud na mBallstát i ngach earnáil. Mura luaitear earnáil, glacaimid leis go bhfaigheann sé sciar cothrom den chaiteachas iarmhar. Ní thuairiscíonn sé Bhallstát na sciartha caiteachais a ghabhann leis na trí earnáil is mó: glacaimid leis go bhfaigheann an earnáil is mó 50 % den chaiteachas iomlán, go bhfaigheann an dara hearnáil is mó 30 % agus go bhfaigheann an tríú hearnáil is mó 20 %. Comhfhreagraíonn na figiúirí sin do na meánmhéideanna sna Ballstáit a thuairiscigh na sciartha caiteachais.

**Le SURE, leanadh de chosaint a thabhairt don fhostaíocht le linn an téarnaimh mhíchothroim in 2021, lenar tugadh tacaíocht do thart ar 3 milliún daoine agus breis agus 400 000 gnólacht.** Áirítear leis sin beagnach 2½ milliún fostaithe agus os cionn 600 000 duine féinfhostaithe, figiúr chomhfhreagraíonn do bhreis agus 6 % den fhostaíocht iomlán agus 10 % de ghnólachtaí sna 13 Bhallstát is tairbhithe a lean de bheith ag úsáid SURE in 2021 (Graif 8 agus 9)[20]. De thairbhe ráigeanna eile den phaindéim a tháinig i ndiaidh a chéile, bhí ar go leor Ballstát bearta tacaíochta eacnamaíocha a thabhairt isteach arís ag céimeanna éagsúla le linn 2021. Cé go raibh tionchar eacnamaíoch na ráigeanna sin ní ba lú ná an chéad cheann, rinneadh difear ní ba mhó do roinnt Ballstát agus earnálacha ná mar a rinneadh do Bhallstáit agus d’earnálacha eile. Rinneadh an tionchar ar fhostaíocht a mhaolú le bearta dár tugadh tacaíocht le SURE, lena n-áirítear tacaíochtaí breisithe chun déileáil leis an dara ráig go luath in 2021.

[20]Ní áirítear anseo na Ballstáit a chaith a gcúnamh airgeadais iomlán SURE in 2020: an tSeicia, an Eastóin, an Spáinn, Éire, an Chróit agus an tSlóivéin. Mar sin féin, lean go leor de na Ballstáit sin dá bhearta ábhartha nó chuir siad iad in oiriúint agus chistigh siad iad trí fhoinsí eile. Bunaítear an meastachán ar thuairisciú neamhiomlán os rud é nár thuairiscigh cúpla Ballstát (an Iodáil, an Ungáir) sonraí maidir le cumhdach le haghaidh 2021.


**Graf 8: Oibrithe a cumhdaíodh le SURE in 2021 (% den fhostaíocht iomlán)**




Foinse: *Tuairisciú ó na Ballstáit*

Tabhair faoi deara: Ní thaispeántar na Ballstáit a chaith cúnamh airgeadais SURE faoi dheireadh 2020. Tagraíonn 'ní bhaineann le hábhar' (n/b) do na Ballstáit (an Iodáil, an Ungáir) nár thuairiscigh cumhdach le haghaidh 2021.

**Graf 9: Gnólachtaí a cumhdaíodh le SURE in 2021 (% de ghnólachtaí iomlána)**





Foinse: *Tuairisciú ó na Ballstáit*

Tabhair faoi deara: Ní chuirtear gnólachtaí gan aon fhostaí san áireamh sna gnólachtaí iomlána. Tagraíonn 'ní bhaineann le hábhar' (n/b) do na Ballstáit (an Iodáil, an Ungáir) nár thuairiscigh cumhdach le haghaidh 2021.

**Cé gur tháinig laghdú uirthi in imeacht ama, bhí úsáid na tacaíochta maidir le hobair ghearr-ama fós substaintiúil in 2021.** Cé nach bhfacthas riamh roimhe seo buaicphointe na hoibre gearr-ama a baineadh amach le linn an chéad ráig den phaindéim i Márta-Aibreán 2020 , lean líon suntasach oibrithe de bheith ag tairbhiú de thacaíocht maidir le hobair ghearr-ama (nó de scéimeanna coinneála post den chineál céanna), go háirithe sa chéad leath de 2021. Le caiteachas SURE, rianaítear go cruinn an sciar oibrithe a chumhdaítear le scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama (Graf 10). An laghdú diaidh ar ndiaidh ar úsáid na tacaíochta maidir le hobair ghearr-ama, is léiriú é sin ar an téarnamh eacnamaíoch leanúnach, téarnamh dár tugadh tacaíocht le leathadh amach rathúil na bhfeachtas vacsaínithe. Ar an drochuair, ó tharla nach bhfuil teacht ar na sonraí tar éis mhí Mheán Fómhair 2021 le haghaidh fhormhór mór na dtíortha, ní féidir an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag teacht chun cinn an athraithigh Omicron den víreas SARS-CoV-2 ar scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama a mheas go fóill.

**Graf 10: Sciar na n-oibrithe atá ag tairbhiú de scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama agus de scéimeanna asamhlaithe**




Foinse: *Tuarascáil faireacháin EMCO-SPC ar an staid fostaíochta agus shóisialta tar éis ráig COVID-19 (Geimhreadh 2022).*
Tabhair faoi deara: Níl fáil ar na sonraí maidir leis an líon fostaithe a cumhdaíodh le haghaidh na Seicia. Faisnéis pháirteach ar fáil tar éis mhí an Mheithimh 2021: níl fáil ar na sonraí maidir le fostaithe a cumhdaíodh le haghaidh na hIodáile tar éis mhí an Mheithimh agus le haghaidh na Beilge tar éis mhí Lúnasa.

**Tháinig méadú ar líon na mban agus na ndaoine óga atá rannpháirteach in obair ghearr-ama le linn ghéarchéim COVID-19.** Bunaítear sin ar an dara tuarascáil (arna foilsiú i mí Mheán Fómhair 2021), gan aon nuashonrú ar fáil. Léirítear leis sin go príomha an t-athrú ar chomhdhéanamh earnálach na tacaíochta ar shiúl ón earnáil monaraíochta agus tógála chuig na hearnálacha seirbhísí agus miondíola, i.e. earnálacha ina bhfuil sciar níos airde ban agus daoine óga i bhfostaíocht[21]. Cé gur tháinig méadú ar sciar na mban go dtí thart ar leathchuid na bhfostaithe in obair ghearr-ama, bhí sciar na ndaoine óga teoranta go fóill.

## III. RÉAMHANAILÍS AR THIONCHAR SURE

Leis an roinn seo, déantar an anailís a cuireadh ar fáil sna tuarascálacha débhliantúla SURE roimhe seo maidir le tionchar SURE ar an bhfostaíocht agus ar airgeadas poiblí a thabhairt cothrom le dáta, agus toradh an tsuirbhé Eorabharaiméadair á úsáid inti freisin.

### *3.1 Tionchar SURE ar an dífhostaíocht a mheas*

[21] An Coimisiún Eorpach (2020): Margadh an tSaothair agus Forbairtí Pá in 2020, Caibidil 3, Forbairtí beartais. https://ec.europa.eu/social/BlobServlet?docId=23268&langId=en. San Iodáil agus sa Bheilg, ar an meán, tháinig dúbláil ar sciar na mban a bhí rannpháirteach sna scéimeanna tar éis mhí an Mhárta 2020, agus mhéadaigh sciar na n-oibrithe óga is tairbhithe ó 1.6 % go 5.7 % san Iodáil agus ó 6.7 % go 7.6 % sa Bheilg. Bhí sciar na mban agus na n-oibrithe óga in obair ghearr-ama ard freisin sa Laitvia, sa Rómáin, sa Phortaingéil agus san Eastóin.

**Leis an roinn seo, tugtar measúnú nuashonraithe ar thionchar SURE ar an dífhostaíocht sna Ballstáit is tairbhithe**. Is é is aidhm do SURE cabhrú leis na Ballstáit fostaíocht oibrithe agus daoine féinfhostaithe a choinneáil le linn phaindéim COVID-19, agus ioncaim saothair á chosaint dá bhrí sin (an éifeacht 'poist a choinneáil' le linn tionchar COVID-19). Éascaítear leis téarnamh gasta freisin nuair a mhaolaítear an phaindéim, os rud é go bhfuil a bhfostaithe agus scileanna á gcoinneáil ag gnólachtaí agus go bhfuil na daoine féinfhostaithe réidh chun leanúint dá ngníomhaíochtaí ('an éifeacht athfhillteach' tar éis tionchar COVID-19). Dírítear sa mheasúnú arna chur i láthair anseo ar an gcaidreamh idir aschur agus dífhostaíocht ó thús na paindéime. Tá faisnéis mhaith sna torthaí ach ba cheart na figiúirí a léirmhíniú go cúramach ar chúiseanna modheolaíochta. Ar dtús, tá sé dúshlánach cás 'frithfhíorasach' a dhearadh maidir le feidhmiú mhargadh an tsaothair in éagmais SURE. Ar an dara dul síos, tá tionchar ag raon leathan fachtóirí, lena n-áirítear SURE, ar an gcaidreamh idir aschur agus fostaíocht. Baineann fachtóirí eile leis an bhfíoras nach raibh daoine in ann fostaíocht a lorg go gníomhach, nó go ndearnadh iad a dhíspreagadh ó fhostaíocht a lorg go gníomhach, de bharr dhúnadh páirteanna móra den gheilleagar.

**Bhí an méadú ar an dífhostaíocht in 2020 sna Ballstáit is tairbhithe i bhfad ní ba lú ná mar a measadh.** Leis na bearta beartais gasta agus móra a rinneadh in 2020 chun aghaidh a thabhairt ar éigeandáil COVID, maolaíodh tionchar an laghdaithe ar aschur agus ar an dífhostaíocht, i gcomparáid leis an bhfreagairt ionchasach dífhostaíochta ar OTI a chonacthas roimhe seo (féach Graf 11)[22]. Bhí an méadú ar an ráta dífhostaíochta, i bhformhór na dtíortha, ní ba lú ná mar a measadh[23]. Leis na torthaí sin, deimhnítear na torthaí roimhe seo a cuireadh ar fáil sa chéad agus sa dara tuarascáil dhébhliantúil maidir le SURE[24].

**Leis na bearta tacaíochta beartais a glacadh, lena n-áirítear SURE, coimeádadh 1½ milliún duine i bhfostaíocht le linn 2020 sna Ballstáit ar tairbhithe de SURE iad[25].** Deimhnítear an figiúr sin ón dara tuarascáil. Mar a luadh sa tuarascáil sin, féadfar an méadú ar an ráta dífhostaíochta a bhí ní ba lú ná mar a measadh a chur i leith úsáid fhorleathan na scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama agus bearta den chineál céanna go páirteach, go háirithe sna Ballstáit sin atá ag tairbhiú d'ionstraim SURE. Ar leibhéal na tíre, dá airde an méid a fuarthas trí SURE in 2020, is ea is lú an méadú a bhí ar an dífhostaíocht, agus d'éirigh le cuid de na Ballstáit nach tairbhithe iad a gcoinníollacha iontacha cistiúcháin a úsáid chun scéimeanna móra maidir le

[22] Déantar tagairt go minic do fhreagrúlacht athruithe ar fhás eacnamaíoch don dífhostaíocht sa litríocht eacnamaíoch mar 'Dlí Okun'. 'Slat tomhais' den chuid is mó, seachas caidreamh a bhfuil bunús teoirice leis, tugtar le fios le Dlí Okun go mbaineann laghdú idir 2 % agus 3 % ar fhás aschuir le méadú 1 % ar an ráta dífhostaíochta (féach *Okun, A.M., 'Potential GNP: Its measurement and significance', Proceedings of the Business and Economic Statistics Section, American Statistical Association, 1962)*.


[23] Tháinig laghdú fiú ar an ráta dífhostaíochta san Iodáil, sa Ghréig agus sa Pholainn in 2020.

[24] Seasann ár bpríomhthorthaí fiú nuair a chuirtear an t-athrú ar an ráta dífhostaíochta in ionad an athraithe ar an ráta fostaíochta (i.e. fostaíocht thar an daonra in aois oibre). Bealach is ea an tsonraíocht sin chun ceartúchán a dhéanamh maidir le hathrú ar an lucht saothair, lena ndéantar difear do tháscairí dífhostaíochta. Le haghaidh tuilleadh sonraí féach An Coimisiún Eorpach (2021), *Quarterly Report on the Euro Area,* [Tuarascáil Ráithiúil ar an Limistéar Euro], Roinn III, *Imleabhar. 20, Uimh 2. Ní áirítear an Chróit ar chúiseanna maidir le hinfhaighteacht sonraí.*

[25]Tugann sin le tuiscint, cé gur cumhdaíodh 31 mhilliún le SURE, meastar go mbeadh 1½ milliún duine dífhostaithe in éagmais na dtacaíochtaí beartais.


hobair ghearr-ama a reáchtáil (Graf 12). Leis na bearta sin maidir le margadh an tsaothair, go háirithe na scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama, mar aon le freagairtí beartais eile ar an bpaindéim, meastar gur laghdaíodh an ráta dífhostaíochta sna Ballstáit ar tairbhithe de SURE iad thart ar 1 % i gcomparáid leis an méadú ar an ráta dífhostaíochta a measadh. Comhfhreagraíonn an méid sin do thart ar 1½ milliún duine a sheachain an dífhostaíocht le linn ráig COVID-19 sna Ballstáit ar tairbhithe de SURE iad[26].

**Graf 11: Athruithe iarbhír vs. athruithe measta ar rátaí dífhostaíochta sna Ballstáit ar tairbhithe de SURE iad in 2020**




Foinse: *Ríomhanna Ameco agus a ríomhanna féin*.
Tabhair faoi deara: y-ais: Comhfhreagraíonn an t-athrú measta ar rátaí dífhostaíochta don tuar a eascraíonn as an tsamhail chúlchéimnithe thírshonrach le haghaidh na tréimhse 1999 go 2019. Bunaítear an anailís ar chur chuige atá bunaithe ar dhlí Okun, i gcás ina seasann an athróg spleách don athrú ar an ráta dífhostaíochta agus ina seasann an athróg neamhspleách do ráta fáis na hOlltáirgeachta Intíre iarbhír. Is as COM AF 2021 a thagann an t-athrú iarbhír ar an ráta dífhostaíochta.

**Graf 12: An caidreamh idir an t-athrú ar an ráta dífhostaíochta agus maoiniú SURE a eisíocadh in 2020**





Foinse: *Ríomhanna Ameco agus a ríomhanna féin*.
Tabhair faoi deara: y-ais: Eascraíonn an t-athrú measta ar rátaí dífhostaíochta ón tsamhail chúlchéimnithe thírshonrach a mhínítear sa nóta a ghabhann le Graf 11.

**Bhí cosaint na fostaíochta sa chéad 2 bhliain den phaindéim ina tacú le téarnamh níos gasta ná téarnaimh i ndiaidh géarchéimeanna roimhe seo.** Ar dtús, tháinig téarnamh ar OTI agus ar an ráta dífhostaíochta araon chuig leibhéil a bhí níos gaire do na leibhéil a bhí acu roimh an ngéarchéim sna Ballstáit is tairbhithe in 2021 i gcomparáid leis an ngéarchéim dhomhanda airgeadais agus an ghéarchéim sa limistéar euro tar éis na dtréimhse ama céanna (féach Graf 13). Tharla sin d'ainneoin na ráigeanna breise den phaindéim a tháinig i ndiaidh a chéile ar ghá srianta a thabhairt isteach arís mar gheall orthu. Mar gheall ar an téarnamh leanúnach san fhostaíocht, thit an ráta dífhostaíochta faoi bhun an ráta a bhí ann roimh an bpaindéim go dtí an

[26]Eascraíonn an toradh as an tsamhail chúlchéimnithe a chuirtear i láthair i nGraf 11. Leis an toradh, glactar leis go bhfuil an lucht saothair iarbhír agus an lucht saothair measta mar an gcéanna.

leibhéal is ísle a taifeadadh riamh de 6.4 % san Aontas. Tháinig méadú ar an líon uaireanta oibrithe iomlána, rud lena léirítear, go príomha, laghdú breise ar úsáid na scéimeanna coinneála post, cé go bhfuil siad fós 1 % níos lú mar a bhí siad roimh an bpaindéim. Ar an dara dul síos, bunaithe ar réamhaisnéis an gheimhridh[27], leanfar den fhás eacnamaíoch in 2022 agus beidh sé i bhfad níos airde ná an téarnamh a chonacthas ag an gcéim chéanna tar éis géarchéimeanna roimhe seo, nuair a bhí OTI fós go mór faoi bhun na leibhéal ar a raibh sé roimh na géarchéimeanna sin[28]. Tugtar le fios leis sin gur cabhraíodh leis an téarnamh gasta tríd an lucht saothair a bhí ar fáil a choinneáil nasctha le gnólachtaí trí scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama agus le bearta den chineál céanna, d'ainneoin na staide eipidéimeolaíche dúshlánaí.

**Graf 13: Comparáid stairiúil an téarnaimh in OTI agus sa dífhostaíocht tar éis géarchéime**




Foinse: *Ameco (trí réamhaisnéis an Fhómhair ón gCoimisiúin 2021 a úsáid), Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh*
Tabhair faoi deara: Taispeántar OTI comhiomlánaithe agus an meánráta dífhostaíochta le haghaidh na mBallstát ar tairbhithe de SURE iad. Tagraíonn an tréimhse ama t- 1 don bhliain roimh na géarchéimeanna, i.e., tagraíonn t + 2 le haghaidh ghéarchéim Covid don bhliain 2022, tagraíonn t = 2009 don ghéarchéim dhomhanda airgeadais (GFC); tagraíonn t = 2012 do ghéarchéim fiachais an limistéir euro.


**Pléitear go mion sa chéad thuarascáil dhébhliantúil maidir le SURE na cainéil lena mínítear an chaoi ar éascaíodh le SURE méadú ní ba lú ar an dífhostaíocht in 2020 agus téarnamh níos gasta.** Áirítear leo sin muinín ghinearálta a fheabhsú ar fud an Aontais, tacaíocht le haghaidh úsáid scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama agus spreagadh ina leith sin, agus é a chur ar a gcumas do na Ballstáit níos mó a chaitheamh ar thacaíocht fostaíochta agus ar bheartais eile a bhaineann leis an bpaindéim. Léiríodh le sonraí ón suirbhé *ad hoc* a taispeánadh sa chéad tuarascáil go raibh ról ag SURE maidir le cinneadh fhormhór na mBallstát is tairbhithe scéim nua maidir le hobair ghearr-ama a ghlacadh nó scéim a bhí ann cheana a mhodhnú, agus le

[27] Bunaítear an anailís sin ar Réamhaisnéis Gheimhridh an Choimisiúin 2022 arbh é an scoithdháta ina leith an 1 Feabhra. Dá bhrí sin, níor cuimsíodh sa réamhaisnéis na forbairtí maidir le hionradh na Rúise ar an Úcráin.
[28] Mar sin féin, tá an téarnamh míchothrom. Fostaíocht sna hearnálacha is déine ó thaobh teagmhála de is cúis leis an gcuid is mó den fhás, agus tá fostaíocht sa mhonaraíocht marbhánta. Lean leibhéil fostaíochta le haghaidh oibrithe ar bheagán oiliúna de bheith íseal, rud lena léirítear míchothromaíocht an téarnaimh.

SURE, cuireadh ar a gcumas do na Ballstáit a bheith ní b’uaillmhianaí maidir le bearta atá comhchosúil le scéimeanna maidir le hobair ghearr-ama. Bhí SURE ina rannchuidiú freisin leis na Ballstáit na rátaí maidir lena scéimeanna coinneála post a mhéadú nó na scéimeanna a fhadú, os rud é gur cuireadh taca faoi mhuinín na mBallstát iasachtaí agus caiteachas ní ba mhó a dhéanamh ná mar a dhéanfaidís murach sin, agus iad ag tairbhiú de choigiltis ar an ráta úis a fuarthas ón Aontas d’ainneoin a rátáil chreidmheasa a bhí ní b’ísle. Thairis sin, léirítear éifeacht na muiníne leis na torthaí is déanaí ón suirbhé Eorabharaiméadair thíos.

**Fuair SURE tacaíocht fhairsing ó shaoránaigh an Aontais.** Leis an suirbhé Eorabharaiméadair a foilsíodh i mí na Nollag 2021, fiafraíodh de fhreagróirí sa limistéar euro ar smaoineamh maith é iasachtaí SURE chun daoine a choinneáil san fhostaíocht, agus d’fhreagair 82 % de na daoine gurbh ea[29]. Feictear an dearcadh dearfach sin i leith SURE ar fud na mBallstát is tairbhithe agus ar fud na dtíortha ráthóra (féach Graf 14), rud lena n-athdheimhnítear ráthaíocht na hionstraime tacú le poist agus muinín a fheabhsú san Aontas.

**Graf 14: Tuairimí shaoránaigh an Aontais maidir le cé acu atá nó nach bhfuil iasachtaí SURE ina smaoineamh maith (% de na freagraí iomlána)**




Foinse: *Foilseachán Nollaig 2021 de Shuirbhé Eorabharaiméadair, arna sheoladh i dtíortha an limistéir euro i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2021. Féach fonóta 25.*

### *3.2 An éifeacht airgeadais dhíreach: coigiltis mheasta ar an ráta úis*

**Meastar gur shábháil na Ballstáit méid iomlán EUR 8.2 billiún maidir le híocaíochtaí úis trí chúnamh airgeadais a fháil le SURE.** Bunaítear an méid sin ar an gcéad seacht n-eisiúint

[29] Fiafraíodh an méid seo a leanas, go sonrach, de na freagróirí: ‘Cad iad do smaointe maidir leis an tacaíocht airgeadais is déanaí ón Aontas le haghaidh na mBallstát chun géarchéim COVID-19 a shárú? An gceapann tú gur rud maith é nó nach rud maith é na nithe seo a leanas a sholáthar… *iasachtaí chun cabhrú leis na Ballstáit leasmhara daoine a choinneáil san fhostaíocht?’* Féach: https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/2289

SURE, suas go dtí an eisíocaíocht an 25 Bealtaine 2021, arbh í an eisíocaíocht dheiridh í roimh scoithdháta na tuarascála seo[30]. Is dócha, dá bhrí sin, go dtiocfaidh méadú ar na coigiltis mheasta ar an ráta úis leis na heisíocaíochtaí deiridh[31]. Gineadh na coigiltis sin mar iasachtaí SURE lenar tugadh rátaí úis ní b'ísle do na Ballstáit ná na rátaí a bheadh á n-íoc acu dá n-eiseoidís féin an fiachas ceannasach , agus sin thar mheántréimhse beagnach 15 bliana. Tá sin mar gheall ar rátáil chreidmheasa AAA an Aontais agus leachtacht bhannaí SURE[32]. Thaifead na Ballstáit ag a bhfuil rátálacha creidmheasa níos ísle na coigiltis is mó.

## IV. Leanúint de na tarluithe eisceachtúla lena dtugtar údar d'fheidhmiú Rialachán SURE

Leis an roinn seo, déantar tuairisciú ar leanúint na dtarluithe eisceachtúla lena dtugtar údar d'fheidhmiú Rialachán SURE, mar a cheanglaítear le Rialachán SURE[33].

**Sheachain formhór na mBallstát bearta imshrianta fairsinge a thabhairt isteach arís le linn an gheimhridh, ach tá méadú faoin éiginnteacht maidir leis an víreas.** Le leathadh mear an athraithigh Omicron tríd an ngeimhreadh, léiríodh an luas lena bhféadfaidh conair na paindéime a athrú. D'ainneoin riosca níos lú maidir le galar tromchúiseach agus bás i gcomparáid le hathraithigh SARS-CoV-2 roimhe seo, is é an toradh atá ar an in-tarchurthacht mhéadaithe maidir le Omicron méaduithe ar an ospidéalú agus brú ar na córais cúraim sláinte ar fud an domhain, agus féadfar ráta galrachta nach beag a bheith mar thoradh air, go háirithe i ndaonraí leochaileacha[34]. Cé nár thug formhór na mBallstát dianghlasálacha iomlána isteach arís, rinneadh difear go háirithe d'earnálacha áirithe de bharr na srianta ag deireadh 2021 agus tús 2022. Ón 6 Márta 2022, sainghné den staid eipidéimeolaíoch fhoriomlán san Aontas/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ba ea ráta fógartha cásanna foriomlána a bhí ard ach a bhí ag laghdú, de réir an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC)[35]. Cé gur sroicheadh buaicphointe ráig Omicron i bhformhór na dtíortha, leanann an tarchur de bheith ag méadú i measc na ndaoine scothaosta agus tuartar go mbeidh treochtaí méadaitheacha i dtaobh rátaí báis in 10 dtír amhail

---

[30] Is ionann an figiúr sin agus an figiúr sa dara tuarascáil maidir le SURE os rud é nach raibh aon eisíocaíochtaí eile ann idir eisiúint na tuarascála seo agus eisiúint an dara ceann.

[31] Leis na meastacháin sin, ní áirítear aon éifeacht muiníne bhreise a d'fhéadfadh a bheith ag ionstraimí éigeandála nua, lena n-áirítear SURE, ar mhuinín na ngníomhairí eacnamaíocha agus ar raon difríochta na rátaí úis i gcás iasachtaí ceannasacha na mBallstát.

[32] Tá miondealú maidir le coigiltis úis de réir an Bhallstáit ar fáil i dTábla 4 den dara tuarascáil dhébhliantúil maidir le SURE. Is féidir tuilleadh mionsonraí maidir leis an modheolaíocht a fháil i Roinn III den *Quarterly Report on the Euro Area*, [Tuarascáil Ráithiúil ar an Limistéar EURO], Imleabhar 20, Uimh 2 (2021).

[33] Airteagal 14(1) de Rialachán SURE. In aon chás, tiocfaidh deireadh le tréimhse infhaighteachta na hIonstraime an 31 Nollaig 2022 ar lena linn is féidir Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Rialachán SURE. Tar éis an dáta sin, is féidir leis an gComhairle síneadh a chur leis an tacaíocht sin gach 6 mhí (má tá acmhainní airgeadais ar fáil go fóill) i gcomhréir le hAirteagal 12(4).

[34] Féach an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte: https://www.who.int/publications/m/item/enhancing-readiness-for-omicron-(b.1.1.529)-technical-brief-and-priority-actions-for-member-states

[35] Féach tuarascáil forléargais ECDC de réir tíre, seachtain 9 2022: https://covid19-country-overviews.ecdc.europa.eu/index.html

ón 6 Márta. Thug ECDC dá aire go raibh ábhar imní mór nó ábhar imní an-mhór ag baint leis an staid eipidéimeolaíoch in 15 thír AE/LEE. Is ann do dhifríochtaí i gcónaí ó thír go tír agus tá sé dúshlánach léirmhíniú a dhéanamh ar na treochtaí sna sonraí faireachais de bharr na gcóras tástála éagsúil atá ag athrú go gasta ar fud na mBallstát

**Tháinig moilliú ar neart an fháis a bhí ag méadú in 2021 ag deireadh na bliana.** Tar éis an leibhéal aschuir a bhí ann roimh an bpaindéim a fháil ar ais i samhradh 2021, tháinig moilliú ar an ngeilleagar Eorpach beagán de bharr ráig ionfhabhtuithe COVID-19 a tháinig mar gheall ar Omicron, praghsanna arda fuinnimh agus suaití leanúnacha ar thaobh an tsoláthair. Cé gur tháinig srianta áirithe isteach arís, go ginearálta bhí siad níos éadroime nó níos spriocdhírithe ná na srianta le linn na ráigeanna roimhe seo. Measadh i Réamhaisnéis Gheimhridh an Choimisiúin (a foilsíodh roimh ionradh na hÚcráine) go dtiocfadh borradh faoin bhfás sa dara ráithe agus go mbeadh sé láidir go fóill ar feadh na tréimhse réamhaisnéise, agus go dtiocfadh méadú 4.0 % in 2022 agus 2.8 % in 2023 ar OTI an Aontais dá thoradh sin. Athbhreithníodh an réamhaisnéis bhoilscithe le haghaidh an Aontais suas go dtí 3.9 % in 2022, figiúr atá fós i bhfad os cionn sprioc 2 % BCE.

**Tá éiginnteacht eisceachtúil ann anois maidir leis an dearcadh eacnamaíoch mar gheall ar an staid gheopholaitiúil san Úcráin.** Is dócha go mbeidh tionchar diúltach ar fhás ag an ionradh ar an Úcráin, agus ag a iarmhairtí maidir le slándáil agus cobhsaíocht, lena n-áirítear trí éifeachtaí ar mhargaí airgeadais, tuilleadh brú ar phraghsanna fuinnimh, scrogaill leanúnacha sa slabhra soláthair agus éifeachtaí maidir le muinín. D’fhéadfadh sé go mairfeadh tionchar na ráige atá ann faoi láthair de COVID-19 ní b’fhaide ná mar a mheastar agus go gcuirfeadh sé isteach a thuilleadh ar shlabhraí soláthair. D’fhéadfadh sé go mbeidh boilsciú níos airde ná mar a measadh de bharr na bhfachtóirí sin dá gcuirfí ar aghaidh costais bhreise chuig tomhaltóirí. Ar an taobh eile, d’fhéadfadh sé go gcuirfí dlús leis an éileamh teaghlaigh mar gheall ar choigiltis mhóra, agus d’fhéadfadh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta infheistíocht níos láidre a spreagadh, cé go bhfuil na rioscaí anois ag dul i dtreo an donais.

**D’éirigh bearta beartais níos spriocdhírithe, bearta dá dtugann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta tacaíocht chun an téarnamh a éascú.** Leis sin, tá gá le haistriú ó fhaoiseamh sealadach éigeandála amhail SURE. Tá an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag cur chun cinn téarnamh a bheidh saibhir ó thaobh infheistíochta de agus athchóirithe feabhsaithe fáis, lena n-áirítear chun aghaidh a thabhairt ar thionchar míchothrom na paindéime ar fud teaghlach agus gnólachtaí. Gné thábhachtach de sin is ea athoiliúint agus athsciliú, i gcomhthéacs ghealltanas an Aontais le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus le cur chun cinn an digitithe agus an aistrithe ghlais[36].

**Os rud é go mbeidh an ionstraim fós ar fáil go dtí an 31 Nollaig 2022, féadfar leanúint de chúnamh airgeadais faoi SURE a dheonú chun aghaidh a thabhairt ar shuaití eacnamaíocha tromchúiseacha a eascraíonn as paindéim COVID-19**. Tá thart ar EUR 5.6 billiún ar fáil faoi SURE go fóill, méid ar mó é ná na hiarrataí iomlána ar thacaíocht

[36] Féach Dearbhú Porto an 8 Bealtaine 2021 agus Moladh ón gCoimisiún maidir le Tacaíocht Ghníomhach Éifeachtach don Fhostaíocht tar éis ghéarchéim COVID-19 (EASE).

bhreisithe a chuir 7 mBallstát isteach go dtí seo (EUR 3.8 billiún) i gcomhthéacs an dara babhta d'iarrataí.

## V. FAISNÉIS MAIDIR LE CÓRAIS NÁISIÚNTA INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIALAITHE

### *5.1 An oibleagáid tuairiscithe maidir le córais iniúchóireachta agus rialaithe*

**Le córais rialaithe an Choimisiúin, áirithítear nach mbeidh calaois ann idir an tAontas, mar an t-iasachtóir, agus an Ballstát, mar an t-iasachtaí.** Go sonrach, tá rialuithe i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun neamhrialtachtaí nó calaois a chosc maidir le *tuairisciú sonraí na mBallstát*, le linn dó iasacht a iarraidh nó tar éis sin le linn úsáid na hiasachta. Má tá amhras ann faoi aon chás, tá na forálacha sa Chomhaontú Iasachta ar fáil don Choimisiún chun gníomhú agus chun iniúchtaí a sheoladh. Déanann an Coimisiún an tasc seo agus lánurraim á tabhairt d'inniúlachtaí na mBallstát agus níl sainordú aige chun rochtain a fháil agus faireachán a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann na faighteoirí deiridh as iasachtaí SURE sna Ballstáit. Go sonrach, le SURE agus lena chur chun feidhme, níor cheart cur isteach ar dhearadh na gcóras slándála sóisialta náisiúnta, go ginearálta ná maidir le hobair ghearr-ama, rud atá ina shaincheart ag na Ballstáit go fóill[37,38].

**Ar leithligh ó chórais rialaithe an Choimisiúin, ceanglaítear ar na Ballstáit mar iasachtaithe úsáid chuí na gcistí a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta, neamhrialtachtaí agus calaois a chosc agus cistí mí-úsáidte a aisghabháil**. Eascraíonn an oibleagáid sin as Airteagal 13(1) de Rialachán SURE agus Airteagal 220(5) den Rialachán Airgeadais. Go sonrach, faoin gComhaontú Iasachta, ba cheart do gach Ballstát atá ag tairbhiú de SURE a sheiceáil go tráthrialta go ndéantar na méideanna arna bhfáil ar iasacht faoin tSaoráid a úsáid i gcomhréir le Rialachán SURE, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle agus an Comhaontú Iasachta agus a áirithiú go bhfuil bearta iomchuí i bhfeidhm chun neamhrialtachtaí agus calaois a chosc. I gcás úsáid neamhrialta nó mhí-úsáid na méideanna arna bhfáil ar iasacht, ba cheart don Bhallstát imeachtaí a thionscnamh chun na méideanna sin a aisghabháil. Déantar sin a chomhlánú leis an oibleagáid ar an mBallstát iniúchadh a dhéanamh ar chásanna calaoise, éillithe nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile atá díobhálach do leasanna airgeadais an Aontais, i ndáil le bainistiú na hiasachta.

**Ceanglaítear ar na Ballstáit faisnéis a sholáthar don Choimisiún maidir le córais náisiúnta rialaithe agus iniúchóireachta atá ábhartha le haghaidh SURE chun a áirithiú go n-urramaítear a n-oibleagáidí faoin gComhaontú Iasachta.** Chuige sin, rinne an Coimisiún suirbhé *ad-hoc* ar na Ballstáit is tairbhithe an 18 Eanáir 2022. D'fhreagair gach Ballstát an ceistneoir sin. Tugtar achoimre ar na torthaí mar a thuairiscigh na Ballstáit iad i Roinn 5.2.


[37] Dé réir Aithris 13 de Rialachán SURE, le linn don Chomhairle méid na hiasachta a chinneadh, ba cheart di lánurraim a thabhairt d'inniúlacht na mBallstát.
[38] Féach mír 17 den Tuarascáil ón nGrúpa Euro maidir le freagairt chuimsitheach na mbeartas eacnamaíoch ar phaindéim COVID-19 an 9 Aibreán 2020.

## *5.2 Na príomhthorthaí ón gceistneoir*

### 5.2.1 Na hinstitiúidí freagracha maidir le rialú agus iniúchóireacht


**Tá éagsúlacht mhór idir struchtúir institiúideacha na gcóras náisiúnta rialaithe agus iniúchóireachta ar fud an Aontais.** In thart ar leath de na Ballstáit, níl na hinstitiúidí atá freagrach as an rialú freagrach as an iniúchóireacht. Sna Ballstáit eile, déanann roinnt institiúidí rialú agus iniúchóireacht araon agus ní dhéanann institiúidí eile ach rialú amháin nó iniúchóireacht amháin. Is minic a dhéanann na dreamanna seo a leanas rialuithe: an Aireacht Saothair (10 mBallstát), aireacht eile (e.g. an Aireacht Airgeadais, an Aireacht Slándála Sóisialta, an Aireacht Teaghlaigh agus Beartais Shóisialta, an Aireacht Cultúir), seirbhísí fostaíochta poiblí, cigireachtaí saothair, cistí slándála sóisialta, nó gníomhaireachtaí ioncaim (Graf 15). Déanann comhlacht iniúchóireachta uachtaracha náisiúnta nó aireacht iniúchtaí níos minice ná a mhalairt (e.g. an Aireacht Airgeadais agus an Aireacht Saothair) (Graf 16).

**Graf 15: Institiúidí atá freagrach as an rialú** (líon na mBallstát)




Foinse: *Ceistneoirí na mBallstát*

**Graf 16: Institiúidí atá freagrach as iniúchadh a dhéanamh**
(Líon na mBallstát)




Foinse: *Ceistneoirí na mBallstát*

**I mbeagnach gach Ballstát, bhí na hinstitiúidí a d'fheidhmigh rialú agus iniúchadh ar na bearta dár tugadh tacaíocht le SURE i bhfeidhm roimh phaindéim COVID-19.** I mBallstát amháin, cuireadh institiúidí nua i bhfeidhm go sonrach le haghaidh na mbeart dár tugadh tacaíocht le SURE. In dhá Bhallstát, níor cuireadh córais nua iniúchóireachta agus rialaithe i bhfeidhm ach le haghaidh beart sonrach amháin nó fochuid de, anuas ar na córais a bhí ann cheana.

5.2.2. Córais rialuithe agus iniúchóireachta a chur chun feidhme

**Rinne gach Ballstát rialuithe maidir le bearta dár tugadh tacaíocht le SURE.** Rinne gach Ballstát, ar a laghad, fíoruithe riaracháin/athbhreithnithe doiciméad maidir leis na hiarrataí ar íocaíocht chun a áirithiú go n-úsáidtear cistí SURE i gcomhréir lena gcuspóir (Graf 17). Thairis sin, rinne beagnach 85 % de na Ballstáit rialuithe *ex-post* agus rinne thart ar leath de na Ballstáit seiceálacha ar an láthair chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.

**Sheiceáil gach Ballstát gur comhlíonadh na critéir incháilitheachta (Graf 18)**. Thairis sin, sheiceáil os cionn trí cheathrú de na Ballstáit gur coinníodh oibrithe a bhí ag tairbhiú den tacaíocht fostaithe agus go raibh an tacaíocht á húsáid ag tairbhithe chun na críche atá beartaithe.


**Bunaithe ar an bhfreagairt don suirbhé, ní mór do na Ballstáit tuilleadh soiléireachta a thabhairt maidir le raon feidhme an iniúchta agus más ann don iniúchadh.** Thuairiscigh os cionn leath na mBallstát go ndearna siad iniúchadh ar an nós imeachta chun íocaíochtaí a dhámhachtain agus/nó ar na tairbhithe nó go ndearna na Ballstáit cineálacha iniúchta eile. Cé go bhfuil rialuithe maidir le SURE i bhfeidhm ag gach Ballstát, thuairiscigh Ballstát amháin nach ndearnadh aon iniúchtaí ar na bearta dá dtugtar tacaíocht le SURE. Thuairiscigh Ballstát eile go ndearnadh iniúchtaí seachas iniúchtaí ar roinnt beart nach raibh iontu ach sciar sách beag den imchlúdach iomlán.

**Rinne gach Ballstát rialuithe agus iniúchtaí go córasach, bunaithe i bhformhór na gcásanna ar riosca agus/nó ar shampláil staidrimh**. I roinnt cásanna, bhí rialuithe

uathoibríoch le haghaidh gach tairbhí trí chórais TF shonracha. Thuairiscigh ocht mBallstát go ndearna siad rialuithe agus iniúchtaí *ad-hoc* freisin.


**Amach anseo, níl rialuithe agus iniúchtaí beartaithe ag na Ballstáit seachas na cinn atá á ndéanamh nó á gcur i bhfeidhm acu faoi láthair**. Níl sé beartaithe ach ag dhá Bhallstát rialú agus iniúchóireacht bhreise maidir le bearta sonracha a bheith acu sa dara cuid de 2022.

**Graf 17: Na cineálacha rialuithe agus iniúchtaí** (líon na mBallstát)




Foinse: *Ceistneoirí na mBallstát*

**Graf 18: Béim na rialuithe agus/nó na n-iniúchtaí** (líon na mBallstát)




Foinse: *Ceistneoirí na mBallstát*

5.2.3. Ráta tarlaithe neamhrialtachtaí nó calaoise agus an fhreagairt ina leith

**I ngach Ballstát seachas Ballstát amháin, braitheadh le rialuithe agus le hiniúchtaí cásanna neamhrialtachtaí agus calaoise.** Thairis sin, rinneadh amhras maidir le neamhrialtachtaí nó calaois a thuairisciú do na húdaráis i mbeagnach gach Ballstát. I ngach cás den sórt sin, rinneadh iniúchtaí. I gcás neamhrialtachtaí nó calaoise deimhnithe, rinne 13 Bhallstát imeachtaí a thionscnamh chun cistí ar baineadh úsáid míchuí astu a aisghabháil. I mBallstáit áirithe, rinneadh cistí a aisghabháil gan imeachtaí a thionscnamh. Thuairiscigh Ballstát amháin nár deimhníodh na neamhrialtachtaí nó an chalaois a braitheadh go fóill.

**Rinne na Ballstáit cineálacha neamhrialtachtaí nó calaoise den chineál céanna a thuairisciú**. Bhain na neamhrialtachtaí ba choitianta a tuairiscíodh le heaspa laghdaithe ar an láimhdeachas nó le laghdú nach raibh leordhóthanach ar an láimhdeachas chun a bheith incháilithe do thacaíocht, le hoibrithe a dhífhostú le linn na tréimhse ina bhfuarthas fóirdheontais pá (nó díreach ina dhiaidh sin), le neamhíocaíocht an sciar den tuarastal a cheanglaítear ar an bhfostóir a íoc, le cásanna nár eisíocadh an méid a deonaíodh le fostaithe ina iomláine, agus leis an éileamh ar thacaíocht le haghaidh fostaithe a d'fhill ar an obair agus nach raibh bacainní orthu obair a dhéanamh agus le haghaidh fostaithe a d'oibrigh mar ba ghnách leo. I roinnt cásanna, rinne gnólachtaí iarratas le haghaidh tacaíochta maidir le caidrimh fostaíochta nárbh ann dóibh nó d'úsáid siad an tacaíocht le haghaidh fostaithe nuafhostaithe seachas le haghaidh fostaithe reatha. I gcásanna eile, rinne gnólachtaí iarratas ar roinnt beart an tráth céanna, nuair nach raibh siad i dteideal ach aon bheart amháin de réir an dlí. Chomh maith leis sin, dhearbhaigh gnólachtaí go bréagach go raibh an cineál gníomhaíochta incháilithe do thacaíocht.

**Rinne gach Ballstát a n-obair maidir le neamhrialtachtaí agus calaois a dhoiciméadú**. Tá na Ballstáit ag doiciméadú neamhrialtachtaí *inter alia* i dtuarascálacha cigireachta/measúnaithe, nótaí, seicliostaí, scarbhileoga mionsonraithe, meamraim, comhaid cistithe nó comhaid iniúchta.

## VI. OIBLEAGÁIDÍ TUAIRISCITHE FAOI CHREAT BANNAÍ SÓISIALTA SURE AN AONTAIS

**Téann an tuarascáil seo thar oibleagáid tuairiscithe Rialachán SURE, agus comhlíontar leis an oibleagáid tuairiscithe faoi Chreat Bannaí Sóisialta SURE an Aontais freisin[39].** Le Creat Bannaí Sóisialta SURE an Aontais, ceanglaítear tuairisciú ar leithdháileadh fháltais SURE, ar chineál an chaiteachais agus ar thionchar SURE.


**Tugtar miondealú ar fháltais SURE de réir an Bhallstáit ar tairbhí é agus de réir chineál an Chaiteachais Shóisialta Incháilithe i Roinn 1.1. agus Roinn 2.2, faoi seach.** Ón Feabhra 2022, eisíocadh 95 % den EUR 94 billiún a leithdháileadh leis na Ballstáit agus tá 98 % den méid sin caite cheana.

**Leanann caiteachas poiblí SURE de bheith dea-ailínithe le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe NA (SDGanna).** Leis an miondealú ar chaiteachas poiblí SURE de réir an chaiteachais shóisialta incháilithe, mar atá leagtha amach sa Chreat Bannaí Sóisialta, léirítear go gcaitear 95 % ar an riosca dífhostaíochta agus caillteanas ioncaim a laghdú. Mar a léiríodh i nGraf 19, tacaíonn seo le SDG 8 (Obair Chuibhiúil agus Fás Eacnamaíoch). Caitear an 5 % atá fágtha ar bhearta a bhaineann le sláinte, lena dtugtar tacaíocht do SDG 3 (Sláinte Mhaith agus Dea-Bhail).

**Déantar tionchar SURE a thuairisciú i Roinn 2.3 agus Roinn 3.** Tugtar meastacháin maidir leis an líon daoine agus gnólachtaí dár tugadh tacaíocht le SURE in 2020 agus in 2021. Bhí SURE ina rannchuidiú le beagnach 1½ milliún poist a chosaint, ar poist iad a coinníodh in 2020, mar a léirítear i Roinn 3.1. Mar a léiríodh sa dara tuarascáil, meastar gur shábháil na Ballstáit EUR 8.2 billiún ar íocaíochtaí úis.

**Graf 19: Creat Bannaí Sóisialta agus mapáil SDGanna**

[39] Le Creat Bannaí Sóisialta SURE an Aontais, sainítear caighdeán, lena dtugtar dearbhuithe d'infheisteoirí go mbaineann bannaí AE arna n-eisiúint laistigh den chreat sin le tionscadail lena ndéantar cuspóir shóisialta a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, tá an creat i gcomhréir le Prionsabail Bhanna Sóisialta ICMA.


SDG 3: Sláinte Mhaith agus Dea-Bhail
Caiteachas ar bhearta a bhaineann le sláinte, go háirithe bearta sa láthair oibre 5%
SDG 8: Obair Chuibhiúil agus Fás Eacnamaíoch
Caiteachas chun an riosca dífhostaíochta agus caillteanas ioncaim a laghdú 95%

## IARSCRÍBHINN: Tuilleadh mionsonraí maidir le hidirbhearta agus eisíocaíochtaí SURE

### Tábla A1: Eisíocaíochtaí leis na Ballstáit faoi SURE (in EUR billiún)

| Tír | Méid iomlán na hiasachta | An chéad idirbheart eisiúna SURE de chuid an Aontais: 20.10.2020 Eisíocaíocht: 27.10.2020 | | | An dara hidirbheart eisiúna SURE de chuid an Aontais: 10.11.2020 Eisíocaíocht: 17.11.2020 | | | An tríú hidirbheart eisiúna SURE de chuid an Aontais: 24.11.2020 Eisíocaíocht: 1.12.2020 | An ceathrú hidirbheart eisiúna SURE de chuid an Aontais: 26.1.2021 Eisíocaíocht: 2.2.2021 | | | An cúigiú hidirbheart eisiúna SURE de chuid an Aontais: 9.3.2021 Eisíocaíocht: 16.3.2021 | An séú hidirbheart eisiúna SURE de chuid an Aontais: 23.3.2021 Eisíocaíocht: 30.3.2021 | | | An seachtú hidirbheart eisiúna SURE de chuid an Aontais: 18.5.2021 Eisíocaíocht: 25.5.2021 | | | Eisíocaíochtaí iomlána | % of den mhéid iomlán a iarradh | Meánaibíocht |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 10 mbliana | 20 bliain | Iomlán | 5 bliana | 30 bliain | Iomlán | 15 bliana | 7 mbliana | 30 bliain | Iomlán | 15 bliana | 5 bliana | 25 bliana | Iomlán | 8 mbliana | 25.6 bliain | Iomlán | | | |
| an Bheilg | 8.2 | | | | | | | **2.0** | 1.3 | 0.7 | **2.0** | | 1.3 | 0.9 | **2.2** | 1.1 | 0.9 | **2.0** | **8.2** | **100.0 %** | **14.7** |
| an Bhulgáir | 0.5 | | | | | | | | | | | | | | | 0.3 | 0.2 | **0.5** | **0.5** | **100.0 %** | **15.0** |
| an Chróit | 1.0 | | | | 0.3 | 0.2 | **0.5** | | | | | **0.5** | | | | | | | **1.0** | **100.0 %** | **14.3** |
| an Chipir | 0.6 | | | | 0.2 | 0.1 | **0.3** | | 0.2 | 0.1 | **0.2** | | | | | 0.1 | 0.0 | **0.1** | **0.6** | **100.0 %** | **14.7** |
| An tSeicia | 2.0 | | | | | | | | | | | **1.0** | 1.0 | | **1.0** | | | | **2.0** | **100.0 %** | **10.1** |
| an Eastóin | 0.2 | | | | | | | | | | | | | | | 0.1 | 0.1 | **0.2** | **0.2** | **100.0 %** | **15.0** |
| an Ghréig | 5.3 | | | | 1.0 | 1.0 | **2.0** | | 0.7 | | **0.7** | | | | | 1.6 | 0.9 | **2.5** | **5.3** | **100.0 %** | **14.5** |
| an Ungáir | 0.7 | | | | | | | **0.2** | 0.2 | 0.1 | **0.3** | | | | | | | | **0.5** | **77.4 %** | **14.7** |
| Éire | 2.5 | | | | | | | | | | | | 1.3 | 1.2 | **2.5** | | | | **2.5** | **100.0 %** | **14.7** |
| an Iodáil | 27.4 | 5.5 | 4.5 | **10.0** | 3.1 | 3.4 | **6.5** | | 4.5 | | **4.5** | **3.9** | 0.7 | 1.2 | **1.9** | | 0.8 | **0.8** | **27.4** | **100.0 %** | **14.8** |
| an Laitvia | 0.3 | | | | 0.1 | 0.0 | **0.1** | | 0.0 | 0.0 | **0.1** | | | | | 0.1 | 0.0 | **0.1** | **0.3** | **100.0 %** | **14.6** |
| an Liotuáin | 1.0 | | | | 0.2 | 0.1 | **0.3** | | | | | **0.3** | | | | 0.2 | 0.2 | **0.4** | **1.0** | **100.0 %** | **14.7** |
| Málta | 0.4 | | | | 0.1 | 0.0 | **0.1** | | | | | **0.1** | | | | 0.1 | 0.1 | **0.2** | **0.4** | **100.0 %** | **14.6** |
| an Pholainn | 11.2 | 1.0 | 0.0 | **1.0** | | | | | 2.6 | 1.7 | **4.3** | | 1.4 | | **1.4** | 1.1 | 0.5 | **1.6** | **8.2** | **73.3 %** | **13.0** |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| an Phortaingéil | 5.9 | | | | | | | **3.0** | | | | | | | | 1.5 | 0.9 | **2.4** | **5.4** | **91.2 %** | **14.6** |
| an Rómáin | 4.1 | | | | | | | **3.0** | | | | | | | | | | | **3.0** | **73.2 %** | **14.6** |
| an tSlóvaic | 0.6 | | | | | | | **0.3** | | | | **0.3** | | | | | | | **0.6** | **100.0 %** | **14.9** |
| an tSlóivéin | 1.1 | | | | 0.2 | 0.0 | **0.2** | | 0.5 | 0.4 | **0.9** | | | | | | | | **1.1** | **100.0 %** | **14.8** |
| an Spáinn | 21.3 | 3.5 | 2.5 | **6.0** | 2.9 | 1.2 | **4.0** | | | 1.0 | **1.0** | **2.9** | 2.4 | 1.7 | **4.1** | 1.9 | 1.4 | **3.4** | **21.3** | **100.0 %** | **14.7** |
| **Iomlán** | **94.4** | 10.0 | 7.0 | **17.0** | 8.0 | 6.0 | **14.0** | **8.5** | 10.0 | 4.0 | **14.0** | **9.0** | 8.0 | 5.0 | **13.0** | 8.1 | 6.0 | **14.1** | **89.6** | **94.9 %** | **14.5** |